


# Comhairle Contae Chill Chainnigh

# PLEAN CORPARÁIDEACH 2019-2024

Comhairle Contae Chill Chainnigh,
Halla an Chontae,
Sráid Eoin, Cill Chainnigh
R95 A39T

Teil.: +353 (0) 56 7794000
Facs: +353 (0) 56 7794004

www.kilkennycoco.ie

**Pobail agus Áiteanna atá Inbhuanaithe a Chruthú**

# Clár ábhar

**Leathanach**


2. Cuspóir an Phlean
4. Teachtaireacht ón gCathaoirleach
5. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach
6. Cuntas Gairid ar an gContae
12. Maidir leis an gContae
14. Comhaltaí Tofa
17. An Fhoireann Bainistíochta
18. Croíluachanna
20. Cuspóirí Straitéiseacha
21. Cuspóirí Straitéiseacha Eagraíochta
22. Timpeallacht Oibriúcháin
24. Cúram Custaiméirí


## Aguisíní


28. Príomhghníomhaíochtaí
30. Straitéisí/Pleananna
38. Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta


## Príomhchuspóirí


45. An Pobal
53. Seirbhísí Corparáideacha
57. Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontar agus Turasóireacht
64. An Comhshaol
69. Airgeadas
72. Dóiteán agus Cosaint Shibhialta
77. Tithíocht
80. Acmhainní Daonna
84. Teicneolaíocht Faisnéise, Soláthar agus Leathanbhanda
86. Leabharlann
90. Pleanáil
93. Bóithre
96. Seirbhísí Uisce



Calafort Belview, Cill Chainnigh.

# Cuspóir an Phlean Chorparáidigh 2019-2024

Ar aon dul leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, cuireadh an Plean Corparáideach seo le chéile mar chuid de chur chuige straitéiseach láneagraíochta, rud a chuimsíonn gníomhaíochtaí éagsúla uile na Comhairle. Áirítear leis an bPlean na príomhchuspóirí agus na príomhthosaíochtaí a ghabhann le gach ceann de phríomhghníomhaíochtaí na Comhairle. Tá sé ceaptha chun freastal ar imthosca an údaráis áitiúil agus chun solúbthacht a choinneáil ar bun ag an am céanna chun déileáil leis na héilimh a thagann chun cinn i dtimpeallacht atá ag athrú.

Ullmhaíodh an Plean Corparáideach i gcomhairle leis na Comhaltaí Tofa, leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, leis an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Tá sé mar chuspóir leis an bPlean Corparáideach cúig bliana seo creat a thabhairt do na Comhaltaí Tofa, don Fhoireann Bainistíochta agus don fhoireann chun na beartais agus an treo a shocrú do Chomhairle Contae Chill Chainnigh go dtí mí an Mheithimh 2024. Bainfear úsáid as an bPlean Corparáideach chun próisis déanta beartas na gCoistí Beartais Straitéisigh agus an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh a threorú agus leagtar amach agus athbhreithnítear ann an fhís, na cuspóirí agus na straitéisí atá comhaontaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir leis an líon ard feidhmeanna agus gníomhaíochtaí a dtugaimid fúthu.

## Tá na nithe seo ar áireamh sa Phlean Corparáideach:

- Na cuspóirí corparáideacha agus na straitéisí tacaíochta.
- An dóigh a mbeartaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh measúnú a dhéanamh ar a feidhmíocht i dtaca le gach straitéis den sórt sin, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann le hobair i dtreo an dea-chleachtais sa soláthar seirbhísí.
- Tograí le haghaidh na hacmhainneachta, na n-acmhainní agus na bhfeabhsuithe atá ag teastáil ón eagraíocht chun éifeachtúlacht oibríochtaí agus feabhsuithe ar sheirbhís do chustaiméirí a chur chun cinn.

Is tríd an mBuiséad Bliantúil, an Clár Caipitil agus Pleananna Soláthar Seirbhísí a chuirfear chun feidhme na straitéisí a leagtar amach sa Phlean Corparáideach ina socraítear spriocanna le haghaidh cur chun feidhme. Cuirfear na haidhmeanna sin ar áireamh i bPleananna Forbartha Seirbhísí agus i bPleananna Forbartha Pearsanta.

Is trí na Tuarascálacha míosúla agus ráithiúla ón bPríomhfheidhmeannach agus trí na táscairí feidhmíochta bliantúla a dhéanfar faireachán ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn ar aidhmeanna an phlean seo a bhaint amach.

Is é a bheidh sa Phlean Corparáideach seo an creat straitéiseach le haghaidh gníomhaíochta a leanfaidh an Chomhairle Thofa reatha é le linn a saolré ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2024.



# ÁR RÁITEAS MISIN:

*Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta d'obair i gcomhar le muintir Chill Chainnigh chun pobail atá inbhuanaithe agus ceangailte agus a bhfuil rath eacnamaíoch agus bród orthu a fhorbairt, agus breithniú ar an athrú aeráide á leabú isteach i ngach ceann dár gcuid beartas agus seirbhísí.*

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach
## An Comh. Peter "Chap" Cleere, Cathaoirleach.






Cuirim fáilte roimh an bPlean Corparáideach seo, rud atá ar an bpríomhghné de chreat gnó na Comhairle agus ina leagtar amach an treo straitéiseach do Chomhairle Contae Chill Chainnigh do na chéad chúig bliana eile.

Chomh maith leis sin, foráiltear sa Phlean seo, arb é an creat rialachais don Chomhairle é, do Thuarascálacha Bliantúla a chur ar fáil, nithe ina dtuairisceofar sonraí faoi dhul chun cinn ar na cuspóirí atá leagtha amach anseo agus ar ár soláthar seirbhísí idir seo agus an bhliain 2024.

Téann an timpeallacht oibriúcháin ina ndéanann an t-údarás áitiúil a chuid oibre i bhfeidhm go mór ar an gcumas atá aige an sainordú atá aige a chomhlíonadh go héifeachtach. Bíonn an Chomhairle ag dul i ngleic le dúshláin airgeadais fós agus í ag iarraidh na seirbhísí is fearr is féidir a sholáthar agus tionscnaimh nua a chur i gcrích. Bíonn an soláthar éifeachtach seirbhísí ag brath ar na seirbhísí atá ar fáil. Tá gá ann le freagairt chomhordaithe do réimsí seirbhíse agus le feabhsúcháin éifeachtúlachta a shainaithint.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an bhFoireann Bainistíochta agus leis an bhfoireann, le Baill den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus le daoine eile as a gcuid oibre le linn ullmhú an Phlean.

Thar ceann na gComhaltaí Tofa de Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ba mhaith liom a ghealladh go bhfuil rún daingean againn a chinntiú go ndéanfar faireachán agus soláthar ar an bPlean Corparáideach seo mar is cuí thar na chéad chúig bliana eile. Táim ag súil le hobair i gcomhar leis na Comhaltaí Tofa uile, le tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann, agus muid ag rannchuidiú lenár gContae a fhorbairt agus a bhreisiú ar mhaithe leis an áit is fearr le cónaí agus le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de. Sa Phlean Corparáideach seo, leagtar amach na Cuspóirí Straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta atá ann don tréimhse 2019-2024 maidir leis an Misean agus leis na Croíluachanna atá againn.



**An Comh. Peter "Chap" Cleere**
Cathaoirleach

# Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

## Colette Byrne, Príomhfheidhmeannach.



Is é cuspóir an phlean seo cuspóirí beartais na Comhairle do na cúig bliana romhainn a chur i láthair ar bhealach struchtúrtha soiléir. Ullmhaíodh an Plean tar éis próiseas comhairliúcháin agus athbhreithniú ón nGrúpa Beartais Chorparáidigh. Beidh sé ar an bpríomhní a bheidh taobh thiar d'Ullmhú na mBuiséad Bliantúil agus na bPleananna Soláthar Seirbhísí ar dá réir a fhéachfaidh an Chomhairle lena cuspóirí a chomhlíonadh thar shaolré na Comhairle seo. Áirítear leis an bPlean creat le haghaidh cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí sin, rud a chinnteoidh go mbeidh an Plean dírithe, solúbtha agus freagrúil i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú.

Is le go leor téamaí leathana a bhaineann na deich gcuspóir eagraíochta atá leagtha amach ann agus tá feidhm acu ar fud na heagraíochta ar fad. Dá réir sin, d'aithin gach Rannóg cuspóirí tosaíochta, straitéisí, tomhas aschur agus torthaí ar mhaithe lena chinntiú go gcomhlíonfaimid na gealltanais atá tugtha againn agus ar mhaithe le cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú thar ár gceann féin.

Tá an fhoireann lántiomanta do chur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh. Táim ag súil le hobair i gcomhar leis na Comhaltaí Tofa agus leis na comhaltaí reachtúla, deonacha agus pobail éagsúla a bhfuil comhleas ag an gComhairle leo i gContae Chill Chainnigh a fhorbairt.

Cuirfidh an comhar leanúnach rathúil sin ar ár gcumas na dúshláin atá romhainn a shárú agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do shaoránaigh an Chontae ar an mbealach is fearr is féidir agus ar bhealach ar a gcomhlíonfar na gealltanais atá leagtha amach sa Phlean seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa as a dtacaíocht agus leis na baill foirne uile de chuid na Comhairle as a gcuid dílseachta, tiomantais agus oibre agus as an iomaí éacht atá bainte amach againn go dtí seo.




**Colette Byrne**
Príomhfheidhmeannach

# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh

## Forbhreathnú


Tá Cill Chainnigh suite in oirdheisceart na hÉireann, i Réigiún an Deiscirt. Tá Cill Chainnigh ar an 16ú contae is mó den 32 chontae ó thaobh achair de (agus é cothrom le 2,062 km2) agus tá sé ar an 12ú contae is lú ó thaobh daonra de, agus daonra 99,232 dhuine ag an gcontae sa bhliain 2016.

Achar Talún Chontae Chill Chainnigh =2,062 km2



# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh

## Láthair Chontae Chill Chainnigh laistigh de Réigiún an Deiscirt



# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh
## Sócmhainní agus Dúshláin

**Tá na sócmhainní seo a leanas ag Cill Chainnigh:**

- Aithnítear ar fud an domhain gur cathair mheánaoiseach í ag a bhfuil mórnithe is díol spéise do thurasóirí.
- Ionad réigiúnach le haghaidh na n-ealaíon agus an chultúir, lena n-áirítear féilte bliantúla ardiomrá.
- Láthair lárnach laistigh de Limistéar Pleanála Straitéisí an Oirdheiscirt.
- Dea-theist go dtí seo maidir le hAthghiniúint Uirbeach agus fás dlúth sa Chathair, lena n-áirítear Máistirphlean le haghaidh Cheathrú na Mainistreach.
- Dea-naisc bhóithre agus iarnróid go Baile Átha Cliath agus go háiteanna eile.
- An 8ú bunáit fostaíochta is mó sa Stát.
- Timpeallacht nádúrtha sáráilleachta.




**Tá na dúshláin seo a leanas le sárú ag Cill Chainnigh, áfach**

- An gá le hinfheistíocht i mbonneagar chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí uisce a uasghrádú chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus fás Chathair Chill Chainnigh.
- Teastaíonn infheistíocht leantach chun Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a fhorbairt
- An gá leanúnach le feabhas a chur ar sheirbhísí iarnróid agus ar luasanna líne.
- Dóigheanna ar féidir freagairt do thimpeallacht sheachtrach atá casta agus ina cur isteach, rud nach mór don eagraíocht bheith solúbtha ina leith.
- Dóigheanna ar féidir saol cultúrtha na Cathrach agus an Chontae a chothú agus a fheabhsú trína chinntiú gurb ann don bhonneagar agus don chistiú chun a chinntiú go bhfaighidh ár bpobail an tairbhe is mó.


# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh

## Próifíl Shocheacnamaíoch

### Déimeagrafaic

- Tháinig méadú 4% ar dhaonra Chontae Chill Chainnigh idir an daonáireamh a rinneadh sa bhliain 2011 agus an daonáireamh a rinneadh sa bhliain 2016, ó 95,419 nduine go 99,232 dhuine. Tá an figiúr sin pas beag bídeach níos mó ná an ráta fáis le haghaidh an Stáit (3.8%) sa tréimhse chéanna.
- B'ionann meánaois dhaonra Chontae Chill Chainnigh sa bhliain 2016 agus 37.9 bliain, i gcomparáid le 36.6 bliain sa bhliain 2011. Tá an figiúr sin pas beag bídeach níos mó ná meán an Stáit, agus é cothrom le 37.4 bliain. Sa bhliain 2016, ba mhó meánaois na mban i gCill Chainnigh (38.5 bliain) ná meánaois na bhfear (37.3 bliain).
- Baintear úsáid as cóimheasa cleithiúnais chun léargas a thabhairt ar aois-struchtúr an daonra, áit a léirítear an líon daoine óga (0-14 bliain d'aois) agus an líon daoine scothaosta (65 bliana d'aois nó níos sine) mar chéatadán den daonra in aois oibre (15-64 bliana d'aois). Sa bhliain 2016, bhí ag Contae Chill Chainnigh cóimheas aoise is cleithiúnais a bhí cothrom le 56.5%. Bhí an figiúr sin 3.8 pointe céatadáin níos airde ná meán an Stáit (52.7% sa bhliain 2016).

**Léirítear i gCairt 1 gur chomhionann, beagnach, le struchtúr daonra an Stáit ó thaobh inscne agus aoisghrúpa cúig bliana de a bhí struchtúr daonra Chontae Chill Chainnigh sa bhliain 2016.**




### Gnóthachtáil Oideachais

- Tháinig laghdú 2.1%, ó 15.1% (9,196 dhuine) sa bhliain 2011 go 13.0% (8,125 dhuine) sa bhliain 2016, ar an gcéatadán d'aosaigh Chontae Chill Chainnigh nach bhfuil ach oideachas bunscoile acu nó nach bhfuil aon oideachas foirmiúil acu. Tá an figiúr sin cosúil le figiúr an Stáit (13.3% sa bhliain 2016).
- Tháinig méadú 4.9%, ó 26.8% (16,354 dhuine) sa bhliain 2011 go 31.7% (19,885 dhuine) sa bhliain 2016, ar an gcéatadán de mhuintir Chontae Chill Chainnigh a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu. Tá an figiúr sin 4.0 pointe céatadáin níos ísle ná figiúr an Stáit (35.7% sa bhliain 2016).

# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh
## Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta

- Tráth Dhaonáireamh 2016, bhí 25.0% (3,203 dhuine) de mhuintir Chontae Chill Chainnigh a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine (12,817 nduine) ag cónaí ina n-aonar. Tá an figiúr sin 1.7% níos ísle ná figiúr an Stáit (26.7% sa bhliain 2016).

- Ag teacht sna sála ar an gcor chun donais eacnamaíoch, tháinig laghdú mór ar scór dearbhdhíothachta an chontae, ó -0.6 sa bhliain 2006 go -7.5 sa bhliain 2011. Mar thoradh ar théarnamh páirteach an gheilleagair, tháinig méadú ar an scór go -4.4 sa bhliain 2016.

- De bharr scór díothachta coibhneasta Chontae Chill Chainnigh a bheith cothrom le -0.3, aicmíodh tomhas saibhris an chontae a bheith 'pas beag faoi bhun an mheáin' sa bhliain 2016. B'ionann agus 0.6 scór an Stáit sa bhliain chéanna.

**An líon daoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine atá ag cónaí ina n-aonar.**

**25%**

Tá an figiúr sin 1.7% níos ísle ná figiúr an Stáit (26.7% sa bhliain 2016).

**Scór Dearbhdhíothachta**

**7.5**

Mar thoradh ar théarnamh páirteach an gheilleagair, tháinig méadú ar an scór go -4.4 sa bhliain 2016.

**Teaghlaigh Aontuismitheora**

**17.9%**

Sa bhliain 2016, b'ann do 2,060 teaghlach aontuismitheora (17.9%), i gcomparáid le 2,017 teaghlach aontuismitheora (17.8%) sa bhliain 2011. Tá an figiúr sin 2.1% níos ísle ná figiúr an Stáit (20.0% sa bhliain 2016).

# Cuntas Gairid ar Chontae Chill Chainnigh
## Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch

- Ag teacht sna sála ar an gcor chun donais eacnamaíoch, tháinig méadú ar leibhéal dífhostaíochta an chontae ó 8.1% (3,233 dhuine) sa bhliain 2006 go 19.4% (8,992 dhuine) sa bhliain 2011. Tháinig laghdú air ina dhiaidh sin go 12.7% (6,044 dhuine) sa bhliain 2016, ar figiúr é atá cosúil le figiúr an Stáit (12.9% sa bhliain 2016).
- De na 6,044 dhuine dhífhostaithe a bhí ann sa bhliain 2016, fir a bhí i 59.7% (3,600 duine) díobh agus mná a bhí i 40.3% (2,444 dhuine) díobh. B'ionann na rátaí dífhostaíochta sin agus 13.9% agus 11.4% faoi seach.
- Bhí geall le leath (47.9%) na 41,363 fhostaí sa chontae sa bhliain 2016 á bhfostú in earnálacha na Seirbhísí Gairmiúla, na Tráchtála agus na Trádála.
- Toisc breis agus 550 fostaí a bheith aici, tá an Chomhairle i measc na bhfostóirí is mó sa Chontae.

### Gnóthachtáil Oideachais

- Tháinig laghdú 2.1%, ó 15.1% (9,196 dhuine) sa bhliain 2011 go 13.0% (8,125 dhuine) sa bhliain 2016, ar an gcéatadán d'aosaigh Chontae Chill Chainnigh nach bhfuil ach oideachas bunscoile acu nó nach bhfuil aon oideachas foirmiúil acu. Tá an figiúr sin cosúil le figiúr an Stáit (13.3% sa bhliain 2016).
- Tháinig méadú 4.9%, ó 26.8% (16,354 dhuine) sa bhliain 2011 go 31.7% (19,885 dhuine) sa bhliain 2016, ar an gcéatadán de mhuintir Chontae Chill Chainnigh a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu. Tá an figiúr sin 4.0 pointe céatadáin níos ísle ná figiúr an Stáit (35.7% sa bhliain 2016).

# An Dóigh a bhFeidhmítear an Córas

**Déanann muintir Chontae Chill Chainnigh Comhaltaí Chomhairle Contae Chill Chainnigh a thoghadh**

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**

**Grúpa Beartais Chorparáidigh Chomhairle Contae Chill Chainnigh**

**Cinneann an Chomhairle Thofa an Beartas**

**Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Beartas chun feidhme**

**NA STIÚRTHÓIREACHTAÍ**

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Bóithre agus Iompar, Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, agus Sláinte agus Sábháilteacht

Pleanáil, an Comhshaol, an tAthrú Aeráide, Rialú Foirgníochta, Páirceanna, Oifig Fiontair Áitiúil/Forbairt Eacnamaíoch, Margaíocht Turasóireachta agus Seirbhísí Tréidliachta

Tithíocht, Pobal, Leabharlann, Ealaíona, Oidhreacht agus an tSeirbhís Dóiteáin

Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistíocht Saoráidí, Soláthar agus Tionscadail Speisialta, lena n-áirítear Ceathrú na Mainistreach.

**Soláthar Seirbhísí Poiblí**

**4 Ceantair Bhardasacha:**

Callainn/Baile Mhic Andáin, Caisleán an Chomair, Cill Chainnigh agus Baile an Phoill.

**5 Coistí Beartais Straitéisigh:**

**CBS 1:** Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontar agus Turasóireacht agus Beartas Pleanála agus Forbartha.

**CBS 2:** Beartas Iompair/Bainistíocht Soghluaisteachta agus Seirbhísí Uisce.

**CBS 3:** Tithíocht.

**CBS 4:** Cosaint an Chomhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh.

**CBS 5:** Seirbhísí Pobail, Cultúir agus Dóiteáin



# Comhairle Contae Chill Chainnigh
# Comhaltaí Tofa


## Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair



John Brennan [FG]


Mary Hilda Cavanagh [FG]


Michael Delaney [FF]


Pat Fitzpatrick [FF]


Denis Hynes [PLO]


Michael McCarthy [FF]


## Ceantar Bardasach Challainn-Bhaile Mhic Andáin


Peter Cleere [FF]


Deirdre Cullen [FF]


Matt Doran [FF]



Michael Doyle [FG]


Joe Lyons [FG]



Patrick O'Neill [FG]

# Comhairle Contae Chill Chainnigh
# Comhaltaí Tofa

## Ceantar Bardasach Chill Chainnigh



Martin
Brett [FG]



John
Coonan
[FF]



David
Fitzgerald
[FG]




Joe Malone
[FF]



Andrew
McGuinness
[FF]



Eugene
McGuinness
[Neamhspleách]



Malcolm
Noonan [an
Comhaontas Glas]

## Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill



Eamonn
Aylward
[FF]



Tomás
Breathnach
[Lab]



Fidelis
Doherty
[FG]



Pat
Dunphy
[FG]



Ger Frisby
[FF]


Radharc ar Chaisleán Chill Chainnigh ó Dhroichead Eoin



Billy's Tearooms - Baile Héil, Co. Chill Chainnigh



**Calafort Belview, Cill Chainnigh.**

# Struchtúir

## An Fhoireann Bainistíochta

Tá struchtúr bainistíochta na Comhairle comhdhéanta díobh seo a leanas:
Colette Byrne, Príomhfheidhmeannach

Martin Prendiville, Ceann Airgeadais

Mary J Mulholland, Stiúrthóir Seirbhísí

Sean McKeown, Stiúrthóir Seirbhísí

Tim Butler, Stiúrthóir Seirbhísí

Faigheann an Fhoireann Bainistíochta tacaíocht ina róil bhainistíochta ó roinnt Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Innealtóirí Sinsearacha agus Ball Foirne Bainistíochta ag Gráid Choibhéiseacha.

Príomhfheidhmeannach

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Seirbhísí Corparáideacha

Acmhainní Daonna

Bóithre agus Iompar

Seirbhísí Uisce

Cumarsáid

Sláinte agus

Sábháilteacht

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Pleanáil

An Comhshaol agus an tAthrú

Aeráide

Rialú Foirgníochta

Páirceanna

Oifig Fiontair Áitiúil/

Forbairt

Eacnamaíoch

Margaíocht Turasóireachta

Seirbhís Tréidliachta

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Tithíocht

An Pobal

Leabharlann

Na hEalaíona

Oidhreacht

An tSeirbhís
Dóiteáin

**Ceann Airgeadais**

Teicneolaíocht Faisnéise

Bainistíocht Saoráidí

Soláthar

Tionscadail Speisialta,

Iena n-áirítear Ceathrú na
Mainistreach

# Comhairle Contae Chill Chainnigh

## Croíluachanna

Chun tacú leis an bpróiseas daonlathach agus le sainordú na nIonadaithe Tofa agus chun aitheantas a thabhairt don ghá atá ann le timpeallacht atá sábháilte, sláintiúil agus tacúil do bhaill foirne, glacann Comhairle Contae Chill Chainnigh leis na croíluachanna seo a leanas:

**Cuntasacht agus Trédhearcacht**
Déanfaimid cumarsáid le daoine ar bhealach oscailte agus beimid trédhearcach sa chinnteoireacht ar fad.

**Cuimsitheacht, Comhionannas agus Inrochtaineacht.**
Tabharfaimid tús áite do chuimsiú sóisialta agus do chomhionannas rochtana agus deise, agus molfaimid do na daoine, na grúpaí agus na heagraíochtaí a n-oibrímid i gcomhar leo cur chuige den chineál céanna a ghlacadh.

**Ceannaireacht**
Táimid tiomanta do cheannaireacht dhaonlathach shibhialta a sholáthar chun forbairt dhearfach na Cathrach agus an Chontae a threorú.

**Bród**
Beidh bród orainn as ár gcuid oibre agus as an ról ceannaireachta atá ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir le forbairt na Cathrach agus an Chontae ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil de.

**Seirbhís Ardchaighdeáin**
Soláthróimid seirbhís a bheidh inrochtana, cúirtéiseach, comhsheasmhach, neamhchlaonta agus freagrúil agus féachfaimid lenár soláthar seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

**Inbhuanaitheacht**
Gníomhóimid ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh airgeadais, an chomhshaoil, ár n-oidhreachta, gnóthaí pobail agus saincheisteanna socheacnamaíocha de. Oibreoimid ar bhealaí nach gcuirfidh srian ar na riachtanais atá ag muintir agus pobail Chathair Chill Chainnigh agus Chontae Chill Chainnigh faoi láthair ná ar na riachtanais a bheidh acu amach anseo.

**Luach ar Airgead**
Bainfimid úsáid éifeachtúil as acmhainní agus déanfaimid ár bhfeidhmíocht a mheasúnú agus a mheas i gcónaí.

## Téamaí Leathana

Is ann do roinnt téamaí leathana a leagann béim ar chuspóirí straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh. Tá siad mar a leanas:


**Comhoibriú le Daoine Eile**
Is féidir linn an Plean seo a chur i gcrích trí chabhair a fháil uait agus ó na pobail uile, ó earnálacha eile amhail grúpaí deonacha, ó ghnóthais, ón rialtas náisiúnta agus ó dhaoine eile chun na torthaí is fearr a sholáthar do gach duine i gCathair Chill Chainnigh agus i gContae Chill Chainnigh.

**Forbairt Eacnamaíoch agus Inbhuanaitheacht**
Cuid dhílis de gach a ndéanaimid is ea forbairt eacnamaíoch. Cuimsítear inti forbairt pobail, cruthú fostaíochta, comhionannas deise, comhionannas sóisialta agus na nithe uile a rannchuidíonn le cáilíocht ár mbeatha. Ní mór an gá le forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear bearta aeráide/bithéagsúlachta, a léiriú i ngach ceann de na pleananna agus na gníomhartha uainn.

**Comhpháirtíocht agus Rannpháirteachas le Saoránaigh**
Chun go n-éireoidh leis an rialtas áitiúil, ní mór do dhaoine sa cheantar áitiúil páirt a ghlacadh i bhfís chomhroinnte a fhorbairt le haghaidh ár dtodhchaí comhroinnte. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i gcomhairle agus i dteagmháil le daoine, eagraíochtaí agus gnóthais sa cheantar áitiúil i dtaca le gach ceann de na tionscadail agus na cláir a dtugaimid fúthu.

**Cáilíocht na Beatha - Sláinte agus Folláine**
Slat tomhais ar cé chomh rathúil is atáimid mar shochaí is ea sláinte agus folláine mhuintir Chathair Chill Chainnigh agus Chontae Chill Chainnigh. Mar údarás áitiúil, is féidir linn dul i bhfeidhm ar fholláine fhisiciúil agus meabhrach trí chuimsiú sóisialta, gníomhaíochtaí áineasa, seirbhísí leabharlainne, fostaíocht, tithe, bonneagar pobail agus tacaí airgeadais a sholáthar.

**Cuimsiú Sóisialta**
Gnéithe lárnacha d’aon sochaí chóir atá i gcomhionannas deise agus i rochtain ar dheiseanna. Cuirfear cláir um chuimsiú sóisialta agus comhtháthú do na daoine is boichte, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh le linn cinntí a dhéanamh ar bheartais.




## AN DUALGAS EARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí orainn faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, aird a thabhairt ar an ngá atá ann le deireadh a chur leis an idirdhealú, an comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint. Is oibleagáid leanúnach é an Dualgas agus déanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh (a) na cearta agus saincheisteanna ábhartha a thagann chun cinn a mheasúnú; (b) aghaidh a thabhairt ar cibé gníomhartha a theastaíonn; agus (c) tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí ar bhonn bliantúil.

# Comhairle Contae Chill Chainnigh
# Cuspóirí Straitéiseacha

- Pobail Inmharthana a fhorbairt agus rannpháirtíocht fhiúntach saoránach agus pobail a chothú.
- Spreagadh agus Tacaíocht a Thabhairt do Dhaoine Gnóthais, Fiontair agus Poist a Chruthú.
- An Daonlathas a Bhreisiú.
- Oidhreacht agus Cultúr uathúil Chill Chainnigh a Chosaint agus a Bhreisiú.
- Acmhainneacht Oibriúcháin agus Airgeadais na Comhairle a uasmhéadú agus an leas is fearr a bhaint aisti, agus dul i mbun Comhar Idirghníomhaireachta.
- An Bhithéagsúlacht agus an Comhshaol a Chosaint agus a Bhreisiú.
- Seirbhís Ardchaighdeáin a Sholáthar do gach custaiméir.
- Forbairt Inbhuanaithe Chomhtháite a Chur Chun Cinn.
- Cuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht.
- Forbairt Foirne.



# Comhairle Contae Chill Chainnigh
# Cuspóirí Straitéiseacha Eagraíochta

Aithníodh na Cuspóirí Straitéiseacha Eagraíochta ar mhaithe lenár Ráiteas Misin a chomhlíonadh agus ar mhaithe le bonn taca a chur faoinár gCroíluachanna.

| Cuspóirí Eagraíochta | Straitéisí |
|---|---|
| 1. Forbairt Chothromúil Inbhuanaithe a Bhaint Amach. | An Contae a fhorbairt tuilleadh ar bhealach cothromúil, trí phleanáil fhorásach a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscail agus na bpobal agus trí bhonneagar riachtanach a chur ar fáil, rud a chuirfidh feabhas ar tháirge an chontae. |
| 2. Forbairt Eacnamaíoch a Chur ar Aghaidh. | Inbhuanaitheacht agus forbairt eacnamaíoch an chontae a chur chun cinn, agus an contae á chur ar aghaidh mar láthair ar chóir infheistíocht a dhéanamh agus poist a chruthú ann. |
| 3. Bithéagsúlacht agus an Comhshaol a Chosaint agus a Fheabhsú. | Oidhreacht nádúrtha an Chontae a bhainistiú chun freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil san am i láthair, agus ag cinntiú ag an am céanna gur féidir le glúine amach anseo maireachtáil i bhfreagairt dá dtimpeallacht. |
| 4. Pobail Inbhuanaithe a Fhorbairt. | Pobail áitiúla a fhorbairt trí shócmhainní agus trí acmhainní pobail a chur ar fáil trí rannpháirtíocht agus trí thacaíocht réamhghníomhach. Saoránacht Ghníomhach a chur chun cinn agus a chumasú ar bhealach cuimsitheach comhtháite ar mhaithe le Cáilíocht na Beatha a fheabhsú do gach saoránach sa Chontae. |
| 5. Cuimsiú Sóisialta agus Rialachas Áitiúil a Uasmhéadú. | Féachaint le feabhas a chur ar na seirbhísí poiblí sin sa Chontae a chuireann le cáilíocht na beatha do gach saoránach agus pobail a aithint agus tacú leo ról gníomhach a imirt sa tsochaí. |
| 6. Tacú le Cultúr Uathúil Chontae Chill Chainnigh agus é a Chosaint. | Tacú leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach, ilchineálacht chultúrtha a cheiliúradh agus rannpháirtíocht sna healaíona agus sa spórt a spreagadh. |
| 7. A Éifeachtúla agus a Éifeachtaí atá an Eagraíocht a Uasmhéadú. | Feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an t-údarás áitiúil maidir lena chuid seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar bunaithe ar éifeachtúlacht, ar luach ar airgead, ar chuntasacht agus ar acmhainní a bharrfheabhsú ar fud gach réimse den eagraíocht, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. |
| 8. Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Soláthar Seirbhísí a Fheabhsú. | Caighdeáin dea-chleachtais a chur chun feidhme maidir le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí. |
| 9. Tacú le Daonlathas Áitiúil agus é a Fheabhsú. | Cúnamh a thabhairt do na Comhaltaí Tofa agus d'Ionadaithe Pobail laistigh de na struchtúir dhaonlathacha le linn dóibh an ról ionadaíoch atá acu a chomhlíonadh chun freastal ar riachtanais an Phobail. |
| 10. Acmhainní Daonna a Bharrfheabhsú. | Féachaint le leas a bhaint as an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha ar fud na heagraíochta agus Sábháilteacht, Sláinte agus Leas gach fostaí a chur chun cinn. |

# Comhairle Contae Chill Chainnigh
# Timpeallacht Oibriúcháin

## Timpeallacht Sheachtrach



# Timpeallacht Inmheánach



# Cúram Custaiméirí

## Ár nGealltanas duitse:
## An tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar duit ar bhealach éifeachtach measúil



### Cúirtéis agus Tuiscint

Geallaimid go soláthróimid ár seirbhís:

- Go pras agus ar bhealach cúirtéiseach.
- Agus aird chuí á tabhairt don phríobháideachas agus don rúndacht.
- Trí bhaill foirne chúirtéiseacha chabhracha.



### Inrochtaineacht

Déanfaimid ár ndícheall:

- Déileáil le do cheist ag an gcéad phointe teagmhála, nuair is féidir
- Ár seirbhísí a chur ar fáil i bhformáidí éagsúla chun go mbeidh tú in ann ár seirbhísí a rochtain ar na bealaí, ag na hamanna agus sna háiteanna atá áisiúil duit
- Saoráidí do chustaiméirí atá sábháilte, glan agus inrochtana do chách
- Freastal ar na custaiméirí dár gcuid ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, nó trí theangacha eile, nuair is féidir



### Oscailteacht agus Cothroime

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Caitheamh leat ar bhealach cóir oscailte
- A mhíniú conas a thángthas ar chinneadh
- An fhaisnéis a theastaíonn uait a thabhairt duit ar bhealach soiléir sothuigthe
- Do shonraí pearsanta a choinneáil ar bhealach sábháilte slán, ar aon dul lenár ngealltanais sonraí
- Ainm agus sonraí teagmhála an duine atá ag déileáil le do cheist nó Uimhir Thagartha ábhartha do cheiste a sholáthar duit
- Ár nós imeachta maidir le gearáin a dhéanamh a chur ar fáil chun go mbeidh tú ar an eolas faoi cad ba cheart duit a dhéanamh má tá tú míshásta le cáilíocht na seirbhíse a fhaigheann tú

## Ár bhFeidhmíocht

Déanfaimid na nithe seo:

- Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht
- Leanúint le forbairt agus soláthar ár seirbhísí a fheabhsú chun freastal ar do riachtanais
- Oiliúint a chur ar ár mbaill foirne chun go mbeidh siad in ann freastal ar do riachtanais ar bhonn leanúnach.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Táscairí Feidhmíochta a fhoilsiú.

# Na nithe a iarraimid ort a dhéanamh.

## Chun cabhrú leis an bhfoireann ár ngealltanais a chomhlíonadh, iarraimid ort:

- Caitheamh leis an bhfoireann ar bhealach cúirtéiseach, sibhialta agus cóir gach uair a dhéileálann tú linn.
- Caitheamh linn go foighneach ag buaic-amanna nuair nach bhfuil fáil ar bhaill foirne.
- Faisnéis atá iomlán, cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar.
- Aiseolas a thabhairt dúinn trí thuairimí, gearáin nó moltaí a chur in iúl dúinn i dtaca leis an tseirbhís a fhaigheann tú agus eolas a thabhairt dúinn nuair a dhéanaimid rud éigin go maith trí ríomhphost a sheoladh chuig info@kilkennycoco.ie nó glao a chur ar 056 7794070.

# Aguisíní

KILKENNY
COUNTY COUNCIL

# Stiúrthóir Seirbhísí

## Mary J. Mulholland
## Stiúrthóir Seirbhísí

Tithíocht, Pobal, Leabharlann, Ealaíona, Oidhreacht, an tSeirbhís Dóiteáin

- Clár Caipitil Tithíochta a Sholáthar.
- Tithíocht údaráis áitiúil a sholáthar agus a chothabháil.
- Tionscnaimh bhainistíochta eastáit a sholáthar.
- Cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil.
- An Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí agus Scéimeanna Úinéireachta Tí eile a chur chun feidhme.
- Scéim Cúnaimh Caipitil do thithíocht dheonach nó neamhbhrabúis cheadaithe.
- An Scéim Cóiríochta Cíosa/ Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta.
- Caighdeáin tithíochta a chur chun feidhme do theaghaisí príobháideacha ar cíos.
- Scéimeanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta agus Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a sholáthar.
- Forbairt Pobail
- Tacú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil/leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, le Comhairle na nÓg, etc.
- Seirbhísí Leabharlainne, na hEalaíona, an Cultúr agus an Oidhreacht a Fhorbairt.
- Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrtháil

## Tim Butler
## Stiúrthóir Seirbhísí

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Bóithre agus Iompar, Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht

- Pleanáil agus Eagrú Fórsa Saothair
- Seirbhís rúnaíochta a chur ar fáil don Fhoireann Bainistíochta agus don Chomhairle mar chomhlacht corparáideach.
- Cumarsáid.
- Dea-íomhá chorparáideach a chur chun cinn.
- Clár na dToghthóirí agus seirbhísí ilghnéitheacha éagsúla.
- Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur chun feidhme agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.
- Foireann ghairmiúil fhorbartha imleor a sholáthar agus a choinneáil chun freastal ar riachtanais na heagraíochta agus an phobail.
- Oiliúint foirne, earcaíocht agus seirbhísí tacaíochta don fhoireann.
- Seirbhísí Cúram Custaiméirí
- Iniúchóireacht Inmheánach agus tacú le hobair an Choiste Iniúchóireachta.
- Sláinte agus Sábháilteacht
- An Clár Caipitil Bóithre a sholáthar.
- An gréasán bóithre a sholáthar, a chothabháil agus a chaomhnú.
- Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.
- Pleananna Bainistíochta Tráchta a chur chun feidhme.
- Soilsiú poiblí a sholáthar agus a chothabháil.
- Scéimeanna rannpháirtíochta pobail a bhainistiú.
- Scuabadh Carrchlós/Sráideanna.
- Seirbhísí Uisce a sholáthar i gcomhar le hUisce Éireann.

## Sean McKeown
## Stiúrthóir Seirbhísí

Pleanáil, an Comhshaol, Rialú Foirgníochta, Páirceanna, Oifig Fiontair Áitiúil/Forbairt Eacnamaíoch, Margaíocht Turasóireachta agus Seirbhísí Tréidliachta

- Pleanáil – Bainistíocht Forbartha, Forfheidhmiú, Forbairt Tithíochta Neamhchríochnaithe/ Tógáil i gCúram.
- Pleanáil Chun Cinn – Pleananna agus Máistirphleananna Forbartha Contae agus Ceantair Áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- Forbairt Eacnamaíoch/Oifig Fiontair Áitiúil.
- Forbairt thionsclaíoch, tráchtála agus eile a chur chun cinn.
- Turasóireacht/Féilte agus Imeachtaí.
- Rialú Foirgníochta, an Oidhreacht Thógtha agus Seirbhísí Caomhantais.
- An Timpeallacht – Bruscar, Bainistíochta Dramhaíola, Seirbhísí Tréidliachta.
- An tAthrú Aeráide
- Rialú ar Thruailliú/Ionaid Adhlactha/Sábháilteacht Uisce.
- Saoráidí éagsúla áineasa, súgartha agus taitneamhachta agus páirceanna a sholáthar.


# Príomh-ghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil

Martin Prendiville
Ceann Airgeadais
Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistíocht Saoráidí, Soláthar agus Tionscadail Speisialta

- Seirbhísí tacaíochta airgeadais a sholáthar do Chomhairle Contae Chill Chainnigh.
- Soláthar Poiblí.
- Rátaí/Cíos/Iasachtaí Tithíochta a Bhailiú.
- Bainistíocht Fiachais agus Rialú Creidmheasa.
- Forfheidhmiú an Mhuirir Phríomháite Cónaithe Príobháidí.
- Bainistíocht Riosca Árachais.
- Tacaíocht agus forbairt inmheánach agus ar ardchaighdeán a sholáthar le haghaidh Teicneolaíocht Faisnéise, lena n-áirítear Córais Faisnéise Geografaí (GIS).
- Seirbhísí Mótarchánach a sholáthar.
- Cóiríocht oifige a sholáthar/ saoráidí agus sócmhainní a bhainistiú.
- Máistirphlean Cheathrú na Mainistreach a sholáthar.

Tá freagracht ar cheithre Stiúrthóireacht as raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh iad a chur ar fáil.

# Straitéisí/Pleananna




Chill Chainnigh
KILKENNY
IRELANDS TIDIEST TOWN
1985 & 2014

# Liosta de Straitéisí/Pleananna

## A Théann i bhFeidhm ar Ghníomhaíochtaí Rialtais Áitiúil

## Náisiúnta/AE

- Treochlár don Chuimsiú Sóisialta: Uaillmhianta, Spriocanna agus Gealltanais 2019-2025 (le foilsiú sa bhliain 2019)
- An Plean Gníomhaíochta do Phoist (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta)
- An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe
- Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine – Plean Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach
- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020
- Plean Gnímh don Aeráid 2019 chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide (2019)
- Foirgníocht 2020 – Straitéis maidir le hAthnuachan ar Earnáil na Foirgníochta
- Éire Ildánach 2017-2022
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil: An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil: An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta: Nuálaíocht 2020
- An Margadh Aonair Digiteach
- An Straitéis ríomh-Rialtais https://egovstrategy.gov.ie
- Eoraip 2020
- An Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile (EFAS)
- Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte
- Straitéis AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Pleananna Bainistíocht Riosca Tuile agus Léarscáileanna arna dtáirgeadh faoin gclár náisiúnta um Measúnacht agus Bainistíocht Riosca Tuile Abhantraí (floodinfo.ie)
- Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca Tuile
- An Straitéis Éire Shláintiúil
- Ráiteas Beartais um Easpa Dídine 2013
- An Plean Forfheidhmithe ar Fhreagairt an Stáit don Easpa Dídine 2014-2016.
- An Clár Infheistíochta Bonneagair agus Caipitil agus

Straitéisí gaolmhara.

- Pobail a Choinneáil Sábháilte – Creat Seirbhísí Dóiteáin
- Ráiteas Beartais um Pleanáil Mara (le glacadh in R3 sa bhliain 2019)
- An Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach 2014-2020 (Roinn an Taoisigh)
- Plean Straitéiseach Met Éireann 2017-2027
- An Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach
- An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (2018)
- An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- An Plean Forbartha Náisiúnta
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas 2017-2021
- An tSeirbhís Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuile
- An Plean Náisiúnta Oidhreachta – Oidhreacht Éireann 2030
- An Straitéis Náisiúnta um Easpa Dídine
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016
- An Straitéis Náisiúnta Teanga 2010-2030
- An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (le glacadh faoi dheireadh na bliana 2020)
- Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach
- An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022
- An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021
- An Straitéis Náisiúnta um Thithíocht Fholamh a Athúsáid
- An Plean Gníomhaíochta um Níotráití 2018-2021
- An straitéis sonraí oscailte 2017-2022
- Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú

# Liosta de Straitéisí/Pleananna

## A Théann i bhFeidhm ar Ghníomhaíochtaí Rialtais Áitiúil

## Náisiúnta/AE

- Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (tagairt ar leith do ghníomhartha a bhaineann le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil)
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe d'Éirinn 2012
- Daoine, Áit agus Beartas – Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 agus na Pleananna Gníomhaíochta Turasóireachta gaolmhara
- Creat Beartais don Earnáil Uisce Tuaithe
- An Beartas um Maoine a Fháil agus a Dhiúscairt
- Tionscadal Éireann 2040 - an Creat Náisiúnta Pleanála
- Prótacail maidir le Sócmhainní Maoine a Aistriú agus a Chomhroinnt
- Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023
- Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí
- An Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, 2014-2016
- Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine – Straitéis 2020
- An Creat um Beartas agus Forbairt Leictreachais In-athnuaite
- Athstruchtúrú an Chláir Iompair Thuaithe
- An Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020
- An Beartas Forbartha Tuaithe – An chéad chéim eile tar éis 2020
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020
- Straitéis le haghaidh Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha a Fhorbairt sa Todhchaí
- Straitéis don Earnáil Chíosa

- Pobail Inbhuanaithe, Chuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis na hEarnálacha Pobail agus Deonacha in Éirinn (le foilsiú sa bhliain 2019)
- An Plean Teagmhais Náisiúnta um Dhoirteadh Ola (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt) (le foilsiú i mí Mheán Fómhair 2019)
- An Plean Náisiúnta um Chuardach agus Tarrtháil (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt) (le foilsiú i mí Iúil 2019)
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an mBithéagsúlacht
- Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2018-2025
- Na Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt

# Liosta de Straitéisí/Pleananna

## A Théann i bhFeidhm ar Ghníomhaíochtaí Rialtais Áitiúil

# Réigiúnach/Áitiúil

## Réigiúnach

- Cláir Oibríochtúla CFRE 2014-2020
- Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí
- Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha
- Cláir Oibríochtúla Réigiún an Deiscirt
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt 2015-2021
- Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist 2015-2017
- Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um an Easpa Dídine 2013-2016
- Pleananna Straitéise de chuid Comhlachtaí Réigiúnacha eile, e.g. FSS, an Garda Síochána

## Áitiúil

- An Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2017-2022
- Buiséid Bhliantúla
- An Beartas um Iompraíocht Fhrithshóisialta
- An Plean Bliantúil Forfheidhmithe Comhshaoil
- An Plean Bliantúil Cothabhála Geimhridh
- Fodhlíthe Ionad Adhlactha
- Fodhlíthe Páirceála Carranna
- Pleananna Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair, Challainn, Phort an Chalaidh/Belview agus Baile Mhic Andáin
- An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024
- An Scéim Deontais do Shaoráidí Pobail agus Cultúir 2018-2020
- Na Fodhlíthe um Rialú Capall 2015
- Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach 2014-2020
- Plean Chontae Chill Chainnigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015-2020
- Fodhlíthe Chontae Chill Chainnigh um Theorainneacha Luais 2017
- Fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola Chontae Chill Chainnigh 2018
- Straitéis Chultúrtha - Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna 2018- 2022

- An Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2016-2017
- An Scéim um Chíosanna Difreálacha
- An Beartas um Bainistíocht Eastáit
- An Plean Dóiteáin agus Éigeandála 2015-2020
- Straitéis Dearaidh Uirbigh Bhóthar Hebron
- An Beartas um Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean 2018
- Na Fodhlíthe Deochanna Meisciúla 2017
- An Scéim Gaeilge 2019-2022
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Chainnigh 2016-2021
- An Plean Bainistíochta Bruscair 2018-2020
- An Plean Móréigeandála
- An Máistirphlean do Cheathrú na Mainistreach
- An Plean Bainistíochta Soghluaisteachta 2009 go 2014
- An Beartas um Ainmniú agus Cuimhneacháin Chomórtha 2016
- An Beartas um Bonneagar agus Suiteálacha Plaiceanna a Ainmniú
- An Plean Gníomhaíochta Torainn 2019-2023
- An Plean um Pailneoirí
- Gradaim Chathrach Prótacail
- An Beartas um Ealaín Phoiblí
- Rebuilding Ireland
- An Scéim um Thosaíochtaí Ligin
- An Plean Straitéiseach um Chóiríocht a Sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim na gCoistí Beartais Straitéisigh 2019-2024
- An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2016-2020
- An Straitéis Turasóireachta 2017-2022
- An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024
- An Cód Dearaidh Uirbigh – Ceathrú na Mainistreach
- An Scéim Dreasachta Maoine Folmha

# Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta



# Táscairí
# Feidhmíochta Náisiúnta

| C | CORPARÁIDEACH |
|---|---|
| C1 | An líon iomlán coibhéisí lánaimseartha |
| C2 | An Líon Laethanta Oibre a Cailleadh de bharr Tinnis |
| C3 | Úsáid Shuíomh Gréasáin agus Mheáin Shóisialta an Údaráis Áitiúil |
| C4 | Costas Foriomlán an tSoláthair TFC in aghaidh na coibhéise Lánaimseartha |
| C5 | Costas foriomlán TFC mar chéatadán de chaiteachas ioncaim |

| F | SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN |
|---|---|
| F1 | Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin |
| F2 | Slógadh Seirbhíse |
| F3 | An Céatadán den Fhreastal ar Láithreacha |

| E | AN COMHSHAOL/ DRAMHAÍL |
|---|---|
| E1 | An % de Theaghlaigh atá ag baint leas as seirbhís trí bhosca bruscair |
| E2 | An % de Ghearáin faoi Thruailliú an Chomhshaoil a Dúnadh. |
| E3 | An % de Limistéar an Údaráis Áitiúil atá laistigh de na cúig leibhéal de thruailliú bruscair |
| E4 | An % de scoileanna ar dámhadh Stádas an Bhrait Ghlais dóibh |

| H | TITHÍOCHT |
|---|---|
| H1 | An Stoc Tithíochta Sóisialta |
| H2 | Folúntais Tithíochta |
| H3 | An Meán-Am a Tógadh chun Cóiríocht a Athligean ar Cíos agus na Meánchostais Dhíreacha |
| H4 | Costais Dhíreacha Cothabhála Tithíochta |
| H5 | Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach |
| H6 | Aosaigh gan Dídean go Fadtéarmach |

| J | FORBAIRT EACNAMAÍOCH |
|---|---|
| J1 | An Líon Post a Cruthaíodh |
| J2 | Dearbháin Trádála Ar Líne |
| J3 | An líon daoine a Fuair Meantóireacht |
| J4 | Turasóireacht |

| L | LEABHARLANN |
|---|---|
| L1 | An Líon Cuairteanna ar Leabharlanna agus an Líon Eisiúintí |
| L2 | An Costas per capita ar Sheirbhís Leabharlainne a oibriú |

| M | AIRGEADAS |
|---|---|
| M1 | Achoimre Cúig Bliana ar Iarmhéid an Chuntais Ioncaim |
| M2 | Achoimre Cúig Bliana ar Leibhéil Bhailiúcháin mar % le haghaidh Mórfhoinsí Ioncaim |


| P | PLEANÁIL |
|---|---|
| P1 | Foirgnimh Nua a nDearnadh Cigireacht orthu |
| P2 | An Líon Cinntí Pleanála/an Céatadán de Chinntí Pleanála ar dheimhnigh an Bord Pleanála iad |
| P3 | An % de chásanna Forfheidhmiú Pleanála ar cuireadh deireadh leo mar chásanna réitithe. |
| P4 | Costas per capita na Seirbhíse Pleanála |
| P5 | Iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán |

# Táscairí
# Feidhmíochta Náisiúnta

| R | BÓITHRE |
|---|---|
| R1 | Rátálacha san Innéacs um Riocht an Dromchla Pábhála |
| R2 | Oibreacha Bóthair |
| R3 | An % d'Idirbhearta Mótarchánach a rinneadh ar líne |

| Y | AN ÓIGE/AN POBAL |
|---|---|
| Y1 | Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg |
| Y2 | An líon grúpaí atá comhcheangailte leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail |

| W | UISCE |
|---|---|
| W1 | An % den Uisce Óil i Scéimeanna Príobháideacha a chomhlíonann Ceanglais Reachtúla |


Cafe

# Cuspóirí Réimse Seirbhíse

# An Pobal

## Cuspóirí Réimse Seirbhíse

Obair i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme i leith forbairt áitiúil agus pobail.

Sásraí a chur i bhfeidhm trína dtabharfar spreagadh agus tacaíocht do shaoránaigh agus do phobail páirt a ghlacadh i bpróiseas cinnteoireachta an Údaráis Áitiúil.

Ceannaireacht shibhialta agus rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn agus a chothú ar fud na n-earnálacha pobail, cultúir, ealaíon, oidhreachta agus áineasa.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht Pobail | Rannpháirtíocht i bhForbairt Pobail a chur chun cinn.<br><br>Cláir Chistiúcháin Tuaithe a sholáthar chun dul chun tairbhe do Phobail. | Leabhrán Faisnéise Deontas.<br><br>Faisnéis ar líne faoi sheirbhísí deontais.<br><br>Cumarsáid fheabhsaithe le Grúpaí Pobail agus le Comhlachais Chónaitheoirí i gContae Chill Chainnigh. | An leabhrán faisnéise deontas a chomhlánú gach bliain.<br><br>Siopa ilfhreastail inrochtana ar líne le haghaidh faisnéis faoi dheontais a fháil, áit a dtomhaistear a rath de réir an lín daoine atá ag tabhairt cuairt air, ag íoslódáil faisnéise agus ag úsáid faisnéise<br><br>Iarratais rathúla ar chistiú agus tionscadail arna soláthar. | |
| Leanaí agus an Óige | Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga i gCill Chainnigh a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. | Comhairle na nÓg.<br><br>An Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga.<br><br>Saoráid óige DRUM.<br><br>Tacú leis an soláthar seirbhísí ag Ossory Youth. | An líon Meánscoileanna atá ag freastal ar an gcruinniú cinn bhliana i gcomparáid leis an líon iomlán meánscoileanna i gCill Chainnigh.<br>Plean straitéiseach trí bliana arna fhorbairt.<br>Gníomhartha cistithe sa phlean straitéiseach arna gcur chun feidhme. | Táscaire Feidhmíochta: Y1: Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg – Bliain 2018: 12/16.<br>Gan aon Phlean Straitéiseach a bheith ann.<br>Gan aon ghníomhartha oibriúcháin a bheith ann. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt Tuaithe | Obair i gcomhar le pobail chun tionscadail láidre phobail a fhorbairt agus a sholáthar i limistéir gach Ceantair Bhardasaigh, agus an rochtain atá ar fáil ar Chláir Chistiúcháin Tuaithe á huasmhéadú | CLÁR, cláir Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte agus cláir Chiste Forbartha agus Athghiniúna Tuaithe i gCill Chainnigh a chur chun cinn.<br><br>Pleananna Feabhsaithe Baile a fhorbairt. | Rochtain rathúil ar chistiú ó CLÁR le haghaidh tionscadal de chuid na Comhairle agus an Phobail.<br><br>Rochtain rathúil ar chistiú ó Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.<br><br>Rochtain rathúil ar chistiú ón gCiste Forbartha agus Athghiniúna Tuaithe.<br><br>An líon Pleananna Feabhsaithe Baile arna bhfoilsiú. | Trí cinn in aghaidh na bliana.<br><br>Cúig cinn in aghaidh na bliana.<br><br>Ceann amháin in aghaidh na bliana.<br><br>Ceithre cinn. |
| Forbairt Pobail | Teagmháil le Grúpaí Pobail ar fud an Chontae agus na Cathrach a mhéadú.<br><br>Tacú le pobail áitiúla imeachtaí pobail a eagrú. | Clár na Scéime Caipitil do Shaoráidí Pobail agus Cultúir a sholáthar agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích tionscadal.<br><br>Obair i gcomhar le Grúpaí Pobail maidir le tionscadail phobail a fhorbairt.<br><br>Tacú leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.<br><br>Na dámhachtainí bliantúla Ómós Áite a sholáthar. | An líon Grúpaí Nua arna mbunú.<br><br>Rannpháirtíocht sna dámhachtainí bliantúla Ómós Áite.<br><br>Iarratais a eagrú. Measúnú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Thofa.<br>Íocaíochtaí agus tuarascálacha a riar. | An líon tionscadal atá faoi fhorbairt agus a sholáthraítear.<br><br>Táscaire Feidhmíochta:<br><br>Y2: An líon grúpaí atá comhcheangailte leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Scéim Deontas Imeachtaí na Comhairle a riar | An líon eastát rannpháirteach a mhéadú.<br>An líon deontas arna riar.<br>Searmanas bronnta a reáchtáil. | |
| **Daoine Breacaosta** | Tacú le Clár Chill Chainnigh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a chur chun feidhme. | Straitéisí Chill Chainnigh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2017-2021 agus ina dhiaidh.<br><br>Grúpa oibre trasearnála a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dó.<br><br>Pleananna Gníomhaíochta na mbailte aonair a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. | Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú.<br><br>An raon tionscnamh a leathnú ar fud ocht réimse théamacha de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte.<br><br>Pleananna Gníomhaíochta na mbailte aonair a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. | Ceann amháin in aghaidh na bliana.<br><br>Feabhsuithe bonneagair – ceithre cinn in aghaidh na bliana.<br><br>An líon Aonad Tithíochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta mar % den soláthar caipitil gach bliain.<br><br>Ceann amháin de Phleananna Gníomhaíochta Baile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta in aghaidh na bliana. |
| **Pobal – an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil** | Feidhm éifeachtach an Choiste a chinntiú –<br><br>Gníomhartha Pobail an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a sholáthar | Faireachán a dhéanamh ar an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, 2018-2022 (SICAP);<br><br>Formhaoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú agus cur chun feidhme an Phlean.<br><br>Formhaoirseacht a dhéanamh ar an gCiste Éire Shláintiúil agus ar an bPlean Pobail Éire Shláintiúil, formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme shruthanna cistiúcháin na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. | Clár oibre a bheith i bhfeidhm gach bliain.<br><br>Fostruchtúr a bheith bunaithe agus i mbun feidhme.<br><br>SICAP a bheith ag obair mar a leagadh amach i gcreat náisiúnta SICAP. | An líon cruinnithe arna dtionól.<br><br>An líon clár a chuirtear chun feidhme agus a dtugtar cuntas iontu.<br><br>Athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail arna dhéanamh agus réimsí nua ina leith arna sainaithint. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | An Clár Feabhsaithe Pobail, Clár Bhotháin na bhFear, The Big Hello. | Clár Oibre Éire Shláintiúil arna chur chun feidhme go rathúil.<br>Sruthanna cistiúcháin arna gcur chun feidhme agus cuntas arna thabhairt iontu, cistiú arna scaipeadh ar raon leathan grúpaí sa chontae. Tús áite arna thabhairt do sprioclimistéir faoi mhíbhuntáiste. | Cistiú faoin stiúrthóireacht pobail arna scaipeadh go forleathan ar ghrúpaí sa chontae, go háirithe i limistéir faoi mhíbhuntáiste suntasach. |
| **Pobal – Eisiamh Sóisialta** | A chinntiú go mbeidh rochtain ar na seirbhísí is fearr is féidir atá ar fáil dóibh ag na daoine atá thíos le heisiamh sóisialta sa chontae. Obair i gcomhpháirt chun freagairtí agus seirbhísí a fhorbairt a fhreastalaíonn ar a riachtanais ar leith. | Tacaíocht d'fheidhm Ghluaiseacht Chill Chainnigh ar son an Lucht Taistil.<br><br>Tacaíocht d'Fhóram Tuismitheoirí Aonair a fhorbairt.<br><br>Tacaíocht do ghrúpaí imirceach, mionlaigh eitnigh agus cultúir. | | An líon fóram feidhmiúil sa chontae a thugann glór agus infheictheacht dóibh sin atá thíos le heisiamh sóisialta agus le himeallú. |
| **Pobal – *Anailísíocht Sonraí*** | Feidhm anailísíochta sonraí a bhunú laistigh den Údarás Áitiúil, rud lena dtugtar faisnéis sonraí chun tacú le riachtanais chinnteoireachta agus tuairiscithe na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas a chur ar shaol na ndaoine sin atá thíos le míbhuntáiste sa Chontae. | Comhoibriú le gach aonad den fhoireann chun a fháil amach cén fheidhm atá acu maidir le spriocanna foriomlána na heagraíochta. | Dlúthnaisc a chruthú le foireann/foirne cinnteoireachta na heagraíochta, e.g. an fhoireann bainistíochta nó coistí nó grúpaí eile a gcuirtear de chúram orthu na cinntí criticiúla gnó a dhéanamh.<br><br>Sainiú agus athshainiú a dhéanamh ar thomhais/tháscairí | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Comhoibriú le gach aonad den fhoireann chun a riachtanais sonraí agus tuairiscithe a shainaithint.<br><br>Sonraí a ghiniúint le haghaidh tuairisciú agus anailísíocht tomhas/táscairí. | lena léirítear cinnteoireacht agus tuairisciú ina sruthanna oibre go cruinn agus lena dtacaítear leo sin.<br><br>Imscrúdú ar aon fhoinsí sonraí príomhúla nó tánaisteacha nua chun feabhas a chur ar chinnteoireacht agus ar thuairisciú, agus á chinntiú go bhfuil próisis i bhfeidhm chun bailiú cruinn iontaofa na sonraí sin a éascú.<br><br>Tacair shonraí atá faisnéiseach agus áisiúil don úsáideoir a chruthú agus a dhearadh le haghaidh anailíse.<br>Comhoibriú le foireann ArcGIS na heagraíochta le haghaidh ard-aschuir léarscáilíochta. | |
| **Na hEalaíona** | Creat-Chomhaontú Chomhairle Contae Chill Chainnigh leis an gComhairle Ealaíon a chur chun feidhme go hiomlán. | Cur chun feidhme a dhéanamh ar Chreat-Chomhaontú Chill Chainnigh 2019-2026 – comhaontú comhoibrithe idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Chomhairle Ealaíon. | Athbhreithnithe rialta ar na cláir sin chun clúdach agus ábharthacht iarbhír rannpháirtíocht an phobail a léiriú. | **Staitisticí/sonraí:** Bailítear staitisticí bliantúla atá bunaithe ar rannpháirtíocht sna cláir uile. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | Clár Ealaíon cuimsitheach a fhorbairt agus a sholáthar gach bliain.<br><br>Athfhorbairt Theaghais Evans mar Ghailearaí Butler a chur i gcrích. | Gníomhartha i Straitéis Chultúir Chill Chainnigh 2018-2022 agus i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chill Chainnigh 2018-2022 a chur chun feidhme.<br><br>Tacú leis an gclár Giniúint Ceoil. | Staitisticí arna mbailiú gach bliain le haghaidh na gclár uile, agus iad bunaithe ar an líon rannpháirtithe agus ar an spriocphobal, ar fhaighteoirí deontais, ar an líon deontas arna ndámhachtain agus ar an méid airgid arna dhámhachtain mar dheontais.<br><br>Déantar measúnú leanúnach ar thionchar na gclár agus na dtacaí.<br><br>Cóimheastar clúdach na ndeontas agus na sparánachtaí uile ar fud an chontae. | Thar thréimhse feidhme an phlean seo, forbróidh an Fhoireann Cultúir modheolaíochtaí chun cláir a thomhas, lena n-áirítear faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, le tacaíocht ón anailísí sonraí. |
| | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na dtionscal cruthaitheach. | An Clár Éire Ildánach, an Oifig Fiontair Áitiúil, Fáilte Éireann, Fiontraíocht Éireann. | Tionscadail chruthaitheacha nua arna bhforbairt. | Fiontair chruthaitheacha nua a bheith i mbun feidhme ó bhliain go bliain. |
| **An Oidhreacht** | A chinntiú go mbeidh meas ag an nglúin reatha agus ag glúine amach anseo ar oidhreacht Chill Chainnigh, go dtuigfidh siad í agus go mbainfidh siad taitneamh aisti. | Cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha atá i Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022 agus i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chill Chainnigh 2018-2022.<br><br>Gníomhartha a chomhordú agus a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt ar ghníomhartha Chomhairle Contae Chill Chainnigh | (i) An líon gníomhartha a rinneadh.<br><br>(i) An líon gníomhartha a rinneadh.<br>(ii) An líon gníomhartha a rinneadh. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021.<br><br>Gníomhartha a chur chun feidhme chun tacú leis an bPlean Náisiúnta Oidhreachta dar teideal “Oidhreacht 2030” (atá á ullmhú faoi láthair).<br><br>Tacú le beartais atá i Straitéis Chomhairle Contae Chill Chainnigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024. | (i) An líon gníomhartha a rinneadh.<br>(ii) An líon gníomhartha a rinneadh.<br><br>(i) An líon gníomhartha a rinneadh. | |

Tacú le sainordú na nIonadaithe Tofa.

Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do shaoránaigh.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Corparáide acha | Tacú leis an ról ionadaíoch atá ag na Comhaltaí Tofa agus an ról sin a éascú.<br><br>A chinntiú go n-oibríonn an Chomhairle agus a cuid fostaithe ar bhealach eiticiúil agus go bhfuil siad cuntasach dá gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. | Rúnaíocht atá éifeachtúil agus gairmiúil a sholáthar agus úsáid mhéadaithe a bhaint as an teicneolaíocht agus as oiliúint.<br><br>Ceanglais reachtúla nós imeachta agus eiticiúla agus gach reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh.<br><br>Cód Iompair d'Fhostaithe agus do Chomhaltaí Tofa. | Comhalta Tofa atá eolach.<br><br>An líon foirmeacha eitice a eisíodh agus a comhlánaíodh. An líon foirmeacha dearbhaithe síntiús a eisíodh agus a comhlánaíodh. | Dearbhuithe bliantúla cruinne a chomhlánú.<br><br>An Cód Iompair a chomhlíonadh. |
| Seirbhísí Corparáide acha | Cultúr corparáideach, bainistíocht gnó láidir, bainistíocht riosca, soláthar, iniúchóireacht agus rialachas corparáideach, struchtúir chorparáideacha agus córais chorparáideacha a fhorbairt, a sholáthar agus a chur chun cinn i gcomhréir le gach oibleagáid reachtúil. | Clár Rioscaí a ullmhú agus é a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.<br><br>Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh.<br><br>Próisis Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh.<br><br>Obair an Choiste Iniúchóireachta. | An Clár Rioscaí a athbhreithniú.<br><br>Tuarascálacha iniúchta agus comhlíonadh.<br><br>Aon cheanglas iniúchóireachta a eascraíonn as Iniúchtaí an Choiste Iniúchóireachta agus as Iniúchtaí Reachtúla a chomhlíonadh.<br><br>Moltaí iniúchta a rianú agus a chur chun feidhme.<br><br>Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta náisiúnta agus áitiúla. | An líon tuarascálacha iniúchta inmheánaigh a comhlánaíodh.<br><br>An líon cruinnithe foirmiúla de chuid an Choiste Iniúchóireachta ar freastalaíodh orthu |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Corparáideacha | Gach foilseachán a thagann faoi shainchúram Seirbhísí Corparáideacha a thiomsú, e.g. an Plean Corparáideach, Pleananna Soláthar Seirbhíse, an Tuarascáil Bhliantúil, an Scéim Teanga.<br><br>Straitéis Cumarsáide 2019-2024 a ullmhú.<br><br>Íomhá chorparáideach dhearfach a chur chun cinn. | Comhlíonadh gach reachtaíochta ábhartha a chinntiú.<br><br>Straitéis Cumarsáide.<br><br>Úsáid mhéadaithe ár Suímh Ghréasáin, ár leathanach ar Facebook agus ar Twitter agus ár gcainéal eile meán sóisialta a chur chun cinn.<br>Tuilleadh Preaseisiúintí a fhoilsiú. | An líon foilseachán a cuireadh faoi bhráid na Comhairle agus a foilsíodh.<br><br>Leibhéal na n-éachtaí agus na gcuspóirí.<br>An Straitéis a sholáthar.<br><br>An fheasacht atá ag an bhfoireann.<br><br>Pobal atá níos eolaí. | Na foilseacháin a eisiúint laistigh de na spriocdhátaí.<br><br>An Straitéis a fhoilsiú i ráithe 4 den bhliain 2019. |
| Seirbhísí Corparáideacha | Córais éifeachtacha thrédhearcacha a sholáthar do na nithe seo a leanas: Saoráil Faisnéise, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta, Bainistíocht Taifead, Gearáin ó Chustaiméirí agus Ceisteanna ó na Meáin.<br><br>Freagra a thabhairt go tráthúil ar gach iarraidh. | A chinntiú go ndéanann an Chomhairle na freagrachtaí atá orainn faoi gach píosa reachtaíochta a chomhlíonadh ina n-iomláine.<br><br>Eisiúint faisnéise lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise a chur chun cinn agus faisnéis bhreise a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na Comhairle agus ar chainéil eile. | An fheasacht atá ag an bhfoireann ar fad.<br><br>Tuarascálacha Bliantúla.<br><br>An meán-am a tógadh chun déileáil le hiarrataí.<br><br>Laghdú ar an líon iarrataí. | Tuarascálacha Bliantúla a fhoilsiú i ráithe 1.<br><br>20 lá. |
| Seirbhísí Corparáideacha | Seirbhís ardchaighdeáin do Chustaiméirí atá éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar do shaoránaigh.<br><br>Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le Custaiméirí agus leis an bpobal; faisnéis a choinneáil soiléir, achomair agus beacht. | Deasc thiomnaithe seirbhíse do chustaiméirí a sholáthar i Halla an Chontae.<br><br>Beartas Ríomhrialtais - Seirbhísí ar líne a fhorbairt. | An líon Cuairteanna Leathanaigh ar shuíomh Gréasáin an údaráis áitiúil.<br><br>Méadú ar an líon idirbheart a rinneadh ar líne. | Táscaire Feidhmíochta C3. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | An fhaisnéis a fhaightear ó Rannóga Seirbhíse.<br><br>Straitéis Cumarsáide.<br><br>Cairt Custaiméirí. | An úsáid a baineadh as an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí.<br><br>Aiseolas ó Chustaiméirí agus ó na Meáin.<br><br>Amanna freagartha do cheisteanna, mar atá leagtha amach sa Chairt Custaiméirí. | Nósanna imeachta a chomhlíonadh. |
| Seirbhísí Corparáideacha | Uasmhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht le Comhpháirtithe Réigiúnacha agus Náisiúnta. | Dul i dteagmháil lenár gComhpháirtithe Réigiúnacha/Náisiúnta, agus iad a stiúradh de réir mar is cuí, le linn tionscadail chomhroinnte/seirbhísí comhroinnte a fhorbairt agus a sholáthar, agus an chuid is fearr a bhaint as acmhainní airgeadais ó Chláir Chistiúcháin Náisiúnta. | Na garspriocanna a baineadh amach gach bliain maidir le tionscadail a chur ar aghaidh. | Tionscadail/Seirbhísí Réigiúnacha a Sholáthar. |
| Seirbhísí Corparáide acha | Uasmhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa phróiseas daonlathach.<br><br>Clár Toghthóirí atá cruinn a ullmhú agus a chomhlánú. | Cruinneas Chlár na dToghthóirí a fheabhsú agus a chothabháil. Reáchtáil Toghchán Áitiúil agus Toghchán eile a éascú.<br><br>Iniúchadh agus uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a ghabhann le tionscnaimh sheirbhísí comhroinnte, e.g. clárú ar líne. | An oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar faoin bpróiseas clárúcháin toghthóirí. Sásamh saoránach.<br><br>An dréacht-Chlár agus an Clár deiridh a fhoilsiú ar na dátaí atá leagtha amach sa reachtaíocht. | <br><br>Na spriocdhátaí a chomhlíonadh |

# Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontar agus Turasóireacht

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Leathnú agus forbairt gheilleagar Chill Chainnigh a fhothú agus a chur chun cinn trí bhearta a bhfuil mar aidhm leo infheistíocht fhadtéarmach atá inbhuanaithe ón taobh straitéiseach de agus a bhfuil acmhainneacht mhór aici ó thaobh fostaíochta, ioncaim agus fáis de a éascú

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontar | Fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga atá ann cheana a fhorbairt.<br><br>Cruthú fostaíochta a bhrú chun cinn agus tacaí inrochtana ardchaighdeáin a sholáthar do smaointe gnó nua.<br><br>Leathnú agus forbairt gheilleagar Chill Chainnigh a fhothú agus a chur chun cinn trí bhearta a bhfuil mar aidhm leo infheistíocht fhadtéarmach atá inbhuanaithe ón taobh straitéiseach de agus a bhfuil acmhainneacht mhór aici ó thaobh fostaíochta agus fáis de a éascú | Bearta agus tacaí éagsúla a shaothrú trí obair i gcomhar le heagraíochtaí poiblí eile agus/nó le heagraíochtaí príobháideacha a thacaíonn le forbairt fiontar, agus leas á bhaint as an bPlean Forbartha Fiontar Áitiúil agus as na gníomhartha atá sainaitheanta sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus sa Phlean Fiontar Réigiúnach go 2020.<br><br>Tionscadail agus bearta a bhfuil mar aidhm leo cur lena tharraingtí atá Cill Chainnigh mar cheann scríbe le haghaidh gnó;<br>Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit agus le comhlachtaí eile chun tacú le hinfheistíocht isteach a mhealladh go Contae Chill Chainnigh. | Glanmhéadú ar an líon post (na poist uile a cruthaíodh lúide na poist uile a cailleadh).<br><br>An líon Iarratas ar Dheontas a ceadaíodh.<br><br>Na costais in aghaidh an phoist a bhaineann le ceaduithe (an Meánchostas a ríomhadh bunaithe ar an líon post nua a cruthaíodh thar thréimhse trí bliana)<br><br>An líon rannpháirtithe i gCláir Oiliúna/Forbartha.<br><br>An líon cuairteanna a thug cuideachtaí de chuid GFT Éireann agus Fhiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht isteach.<br><br>An chéim ag a bhfuil tionscadal Ghrúdlann Cheathrú na Mainistreach agus tionscadal na ríochta poiblí. | De réir an Phlean Forbartha Fiontar Áitiúil a comhaontaíodh idir Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Contae Chill Chainnigh faoin gComhaontú Seirbhíse.<br><br>Táscairí Feidhmíochta:<br><br>J1: An líon post a cruthaíodh – 100.<br><br>J2: An líon Dearbhán Trádála ar Líne – 30.<br><br>J3: An líon faighteoirí meantóireachta – 400.<br><br>De réir na Gné Eacnamaíche den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ghlac an Coiste Beartais Straitéisigh i mí an Mhárta 2019. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Cill Chainnigh a mhargú mar láthair inar féidir gnó náisiúnta agus idirnáisiúnta a sheoladh.<br><br>Ceathrú na Mainistreach, ar láithreán straitéiseach lár na cathrach i gCathair Chill Chainnigh í, a fhorbairt<br><br>Crios Forbartha Straitéisí Belview a fhorbairt i nDeisceart an Chontae<br><br>Gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche na Comhairle a chomhordú i gcomhar leis an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontar agus Turasóireacht | An Monatóir Eacnamaíoch a fhorbairt ar bhonn débhliantúil;<br><br>An Tuarascáil Tithíochta a fhorbairt ar bhonn ráithiúil;<br><br>An glacadh leis an líon iarratas ar an dreasacht Áitreabh Folamh do Ghnólachtaí Beaga;<br><br>An líon fiosruithe ar déileáladh leo maidir le háitribh fholmha tráchtála | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Turasóireacht | Tacú le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta i gCill Chainnigh, agus “áit ar gá cuairt a thabhairt uirthi” a dhéanamh de Chill Chainnigh. | An Beartas agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an Turasóireacht.<br><br>Tairiscint bhranda Shean-Oirthear na hÉireann.<br><br>Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2017-2022.<br><br>An Clár Féilte agus Imeachtaí Réigiúnacha.<br><br>Grúpa Comhpháirtíochta Destination Kilkenny a stiúradh trí na ceithre chuspóir cholúin chomhaontaithe. | Ioncam ón Turasóireacht (de réir Fháilte Éireann)<br><br>Ceardlanna, Cláir Infheistíochta Caipitil.<br><br>An raon Tionscadal/Imeachtaí Turasóireachta ar tacaíodh leo.<br><br>An cistiú atá ar fáil a leithdháileadh chun an tionchar is mó is féidir a imirt ar an turasóireacht.<br><br>1. Forbairt Mhíle Meánaoiseach na hÉireann.<br><br>2. An Straitéis um an nGeilleagar Oíche.<br><br>3. Teagmháil le comhpháirtithe cultúir chomhaimseartha. | Páirt a ghlacadh i ngach tionscnamh de chuid Shean-Oirthear na hÉireann agus tacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh sin.<br><br>14 Dheontas Féile a leithdháileadh.<br><br>Deontais féilte bliantúla a phróiseáil agus comhar idir féilte a éascú ionas gur féidir leo taithí agus saineolas a chomhroinnt lena chéile. Deontais Féilte Réigiúnacha a athbhreithniú i gcomhar le Fáilte Éireann ar mhaithe le leithdháileadh Chill Chainnigh a uasmhéadú. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | 4. Cuairteoirí a cheangal leis an gCathair agus leis an gContae. | |
| | Tacú leis an dea-chleachtas i Struchtúir Rialachais Turasóireachta Áitiúla agus é a fhorbairt. | Tacú le rialachas Kilkenny Tourism CLG agus é a athbhreithniú. | Cruinnithe míosúla, ceardlanna, tionscnaimh mhargaíochta agus chaidrimh phoiblí, tacaíocht gnó agus comhairle do thrádálaithe (idir thrádálaithe atá ann cheana agus thrádálaithe nua), bainistíocht imeachtaí/tionscadal. | Féilire 12 mhí de chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta a chur i bhfeidhm. |
| | Eispéireas Turasóireachta Chill Chainnigh a fhorbairt agus doimhneacht a chur leis. | Hall na Cathrach agus Músaem an Mhíle Mheánaoisigh | Eispéireas aontaithe cuairteora a fhorbairt do Halla na Cathrach/Músaem an Mhíle Mheánaoisigh lena áireamh san iarratas Dara Céim ar Dheontas Caipitil ó Fháilte Éireann, mar chuid de na pleananna athchóirithe don láthair íocónach sin. | |
| | | Glasbhealach Chill Chainnigh | Plean Eispéiris Chuairteora, agus faisnéis chomhtháite do chuairteoirí, a chur le chéile agus forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann deiseanna tráchtála agus eacnamaíocha a bhunú feadh an bhealaigh. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Cluain Dúin/Inis Tíog | Deiseanna a shainaithint le haghaidh chur chun feidhme céimnithe an phlean gnó d'Eastát Chluain Dúin, Inis Tíog, rud a bhfuil mar aidhm leis mórthionscadal suaitheanta turasóireachta agus áineasa a chruthú do Shean-Oirthear na hÉireann agus ina leagtar amach na deiseanna agus na saincheisteanna uile a bhaineann leis an láithreán a fhorbairt agus a bhainistiú mar mhórshaoráid turasóireachta. | |
| | | Gailearaí an Bhuitléaraigh i dTeach Evans | Mionsonraí na gné beartaithe eispéiris chuairteora a thabhairt chun críche do Ghailearaí nua an Bhuitléaraigh i dTeach Evans chun go mbeidh an ghné sin réidh lena hoscailt go luath sa bhliain 2020.<br>Comhtháthú Ghailearaí an Bhuitléaraigh a chothú agus a fhorbairt mar eispéireas suaitheanta i gCill Chainnigh. | |
| | | Scéimeanna Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir. | Tionscadail a gcistíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail iad faoin Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Turasóireacht Bia | Agus leas á bhaint as Cill Chainnigh a bheith ainmnithe mar Cheann Scríbe na hÉireann le haghaidh Beadaithe sa bhliain 2018 chun cur leis an gcáil bia atá orainn cheana, obair i gcomhar leis na táirgeoirí agus na hasraonta bia chun cabhrú le poist a chothabháil agus le fiontraíocht a chothú san earnáil. | |

# An Comhshaol

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Comhshaol Chontae Chill Chainnigh a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach inbhuanaithe chun tairbhe don ghlúin reatha agus do ghlúine amach anseo

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **An Comhshaol** | Comhshaol ardchaighdeáin a chinntiú agus luathghníomhaíocht a dhéanamh chun é a chosaint.<br><br>An comhshaol a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach inbhuanaithe chun tairbhe don ghlúin reatha agus do ghlúine amach anseo.<br><br>A chinntiú go bhfuil go leor seirbhísí agus saoráidí bailithe dramhaíola i bhfeidhm | Cuspóirí ábhartha comhshaoil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil a chur in iúl don phobal.<br><br>Comhoibriú le seirbhísí comhroinnte a fhorbairt agus a oibriú i réimse an bhailithe dramhaíola agus an fhorfheidhmithe dramhaíola.<br><br>Torthaí Truaillithe an Fhaireacháin Náisiúnta ar Bhruscar.<br><br>An Plean Gníomhaíochta Uile-Chontae um Fhuinneamh Inbhuanaithe (2016 – 2020) | An líon gearán a rinneadh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.<br>An céatadán de ghearáin chomhshaoil nach ndearnadh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a imscrúdaíodh agus a dúnadh ina dhiaidh sin.<br>An céatadán de limistéir san údarás áitiúil:<br>➢ nach bhfuil truaillithe ar chor ar bith (i.e. saor ó bhruscar)<br>➢ atá beagáinín truaillithe le bruscar<br>➢ atá measartha truaillithe le bruscar<br>➢ atá an-truaillithe le bruscar.<br>An líon ceadúnas bailithe dramhaíola a dámhadh (tríd an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola) laistigh de gach limistéar údaráis áitiúil.<br><br>An líon deontas le haghaidh saoráidí athchúrsála dramhaíola (a soláthraíodh tríd an gCiste Comhshaoil). | Táscairí Feidhmíochta:<br><br>E1: An líon teaghlach a bhain leas as seirbhís 3 araid.<br><br>E2: An céatadán de ghearáin faoi thruailliú an chomhshaoil a dúnadh.<br><br>E3: An céatadán den limistéar Údaráis Áitiúil a bhí laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair.<br><br>E4: An céatadán de scoileanna ar dámhadh stádas an bhrait ghlais dóibh. |
| **Rialú Foirgníochta** | Forálacha an Achta agus na Rialachán um Rialú Foirgníochta a chur chun feidhme. | Clár Poiblí a Chothabháil.<br>Cigireachtaí a dhéanamh.<br>Imeachtaí Forfheidhmithe a thionscnamh nuair is gá. | Cigireachtaí a dhéanamh ar 15% ar a laghad d'fhoirgnimh nua gach bliain. | Táscaire Feidhmíochta: P1:<br>An líon foirgneamh nua a ndearnadh cigireacht orthu. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| **Tréidliacht** | An tsláinte phoiblí a chosaint ó thaobh sábháilteachta bia de.<br><br>Sábháilteacht phoiblí a chosaint – rialú madraí agus capall in áiteanna poiblí.<br><br>A chinntiú go mbaintear caighdeáin leasa ainmhithe an Aontais Eorpaigh amach ag seamlais.<br><br>Bunachais pórúcháin madraí a chlárú de réir caighdeáin reachtacha. | Conradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus conarthaí le grúpaí gaolmhara Leasa Ainmhithe.<br><br>Obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus obair de réir an Chomhaontaithe Seirbhíse atá i bhfeidhm leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. | An Plean Seirbhíse atá ar bun le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a thabhairt i gcrích de réir an Chonartha Seirbhíse.<br><br>Gach bunachas ábhartha pórúcháin madraí a chlárú.<br><br>Capaill chontúirteacha agus madraí contúirteacha a bhaint d'áiteanna poiblí. | Sonraí míosúla a sholáthar d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.<br>Obair i gcomhar le hiniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.<br>An plean oifigiúil um shamplaí cóimheasa a thabhairt i gcrích. An Clár Bunachas Pórúcháin Madraí a thabhairt cothrom le dáta. |
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cur leis an athléimneacht in aghaidh thionchar an athraithe aeráide.<br><br>Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030.<br><br>Astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle a laghdú faoi 40% faoin mbliain 2030. | Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena gcuirtear leis an athléimneacht in aghaidh thionchar an athraithe aeráide ar leibhéal áitiúil.<br><br>Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais lena ndéantar cuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide a phríomhshruthú ar fud gach feidhme rialtais áitiúil, mar atá mionsonraithe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i | An líon tonaí carbóin a laghdaíodh in aghaidh an euro.<br><br>Laghdú céatadánach i líon iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa an údaráis áitiúil.<br><br>Laghdú céatadánach in úsáid fuinnimh.<br><br>Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide. | Bonnlíne Fuinnimh na bliana 2009.<br><br>An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 a sholáthar. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Straitéis Chomhairle Contae Chill Chainnigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide. | | |
| **LAWPRO** (Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil) | An Plean Náisiúnta Bainistíochta Abhantraí (2018 – 2021) a chur chun feidhme.<br><br>Timthriall 3 (2022 – 2027) a ullmhú | Comhoibriú le pobail, le húinéirí talún, le comhlachtaí poiblí agus le geallsealbhóirí.<br><br>Measúnuithe dobharcheantair a dhéanamh ar an láithreán. | Obair i gcomhar leis an gClár um Thacaíocht agus Comhairle Inbhuanaitheachta Talmhaíochta chun athruithe iompraíocha a éascú trí aistriú eolais agus comhairle a fheabhsú. | Feabhsuithe ar cháilíocht an uisce thar thréimhse an chláir. |
| **Páirceanna** | A chinntiú go bhfuil raon ardchaighdeáin taitneamhachtaí inrochtana do chách.<br><br>Áiseanna caithimh aimsire sháimh agus súgartha a phleanáil agus a fhorbairt i gcomhar le daoine eile.<br><br>Bainistiú inbhuanaithe limistéar áineasa amuigh faoin spéir a chur chun cinn chun tacú le pailneoirí.<br><br>Obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Loch Garman agus Phort Láirge chun an bealach idir Port Láirge agus | Cuspóirí ábhartha áineasa agus comhshaoil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil a chur in iúl don phobal.<br><br>Comhoibriú le comhpháirtithe eile, le Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Chainnigh, leis an Roinn Sláinte, le Coillte, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le Comhpháirtíocht LEADER Cheatharlach-Chill Chainnigh agus le daoine eile chun tionscadail áineasa a sholáthar.<br><br>Na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean um Pailneoirí a bhaint amach | An líon grúpaí pobail ar tacaíodh leo clóis súgartha a bhainistiú.<br><br>An líon grúpaí pobail ar tacaíodh leo trí dheontais Taitneamhachta.<br><br>An líon láithreán áineasa a bainistíodh de réir ardchaighdeáin.<br><br>An líon clós súgartha a ndearnadh bainistiú agus cigireacht orthu ar bhonn seachtainiúil. | An líon clós súgartha a bhí ar oscailt don phobal.<br><br>An líon cuairteanna ar Ghairdíní Chluain Dúin.<br><br>An líon cuspóirí sa Phlean um Pailneoirí a baineadh amach. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | Ros Mhic Thriúin, Cill Chainnigh, a sholáthar.<br><br>Gairdíní agus Eastát Chluain Dúin a bhainistiú agus a fhorbairt do riachtanais amach anseo.<br><br>Tacú le grúpaí pobail a dtaitneamhachtaí áitiúla féin a chothabháil trí dheontais taitneamhachta. | sa bhliain 2019.<br><br>Cuspóirí áineasa an Phlean Forbartha Contae a chomhlíonadh agus a fhothú i gcás go n-éascaíonn buiséid é sin.<br><br>Bailte Slachtmhara. | | |

# Airgeadas

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Córais Bhainistíochta agus Rialaithe Fhónta Airgeadais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, gach seirbhís a phleanáil agus a sholáthar bunaithe ar éifeachtúlacht, ar luach ar airgead agus ar chuntasacht, agus gach acmhainn a bharrfheabhsú ar fud gach réimse den Eagraíocht.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Airgeadas | Cuntas comhardaithe Ioncaim agus Caiteachais a chothabháil. | An Buiséad Comhardaithe a glacadh gach bliain. Tuarascálacha míosúla caiteachais/ioncaim. | Faireachán míosúil a dhéanamh ar chaiteachas agus ioncam in aghaidh an bhuiséid a glacadh. Achoimre 5 bliana ar iarmhéid an chuntais Ioncaim agus Chaiteachais. | Cuntas Comhardaithe Ioncaim agus Caiteachais.<br><br>Táscaire Feidhmíochta: M1:<br>Achoimre 5 Bliana ar Iarmhéid an Chuntais Ioncaim. |
| | Ardfheidhmíocht a chothabháil agus gach sruth ioncaim á mbailiú. | Na spriocanna bailithe a leagadh síos do gach bliain airgeadais. | Faireachán míosúil a dhéanamh ar bhailiúcháin in aghaidh spriocanna agus in aghaidh fhigiúirí na bliana roimhe. | Táscairí Feidhmíochta: M2:<br>Achoimre 5 Bliana ar 5 leibhéal bailithe:<br>Rátaí Tráchtála - 93% Cíosanna - 93%<br>Iasachtaí Tithíochta - 88% |
| | A chinntiú go bhfuil go leor cistiúcháin ar fáil do thionscadail chaipitil. | Clár rollach caipitil. An buiséad a glacadh chun soláthar a dhéanamh d'aisíocaíochtaí. | Aisíocaíochtaí bliantúla mar chéatadán de rátaí Cánach Maoine Áitiúla/Tráchtála. | Ráiteas bliantúil airgeadais 2018 |
| | Iasachtaí nach iasachtaí morgáiste iad a choinneáil ag leibhéal inbhuanaithe. | An buiséad a glacadh chun soláthar a dhéanamh d'aisíocaíochtaí. | Aisíocaíochtaí bliantúla mar chéatadán de rátaí Cánach Maoine Áitiúla/Tráchtála. | Ráiteas bliantúil airgeadais 2018 |
| | Leachtacht a chothabháil. | Faireachán seachtainiúil a dhéanamh ar shreabhadh airgid. | An spás cloiginn atá ar fáil a thomhas ar bhonn seachtainiúil. | An t-iarmhéid deiridh airgid amhail deireadh na bliana 2018. |
| | Luach na sócmhainní uile atá faoi úinéireacht ag an gComhairle a uasmhéadú.<br>Clár na sócmhainní uile atá faoi úinéireacht ag an gComhairle a thabhairt cothrom le dáta. | Suiteáil bogearraí nua TF a chríochnú.<br><br>Taifid a chros-seiceáil in aghaidh thaifid Chlárlann na Talún. | Fáltais bhliantúla díolacháin mar chéatadán den chaiteachas caipitil iomlán (gan Tithíocht a áireamh). | An sprioc le haghaidh Fáltais Diúscartha a bhaint amach. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | Clár na sócmhainní uile atá faoinár n-úinéireacht a thabhairt cothrom le dáta. An sprioc diúscartha €2m ó dhíolacháin a bhaint amach thar an tréimhse 2019-2021. | | | |
| | An costas árachais bliantúil iomlán a íoslaghdú. | Athbhreithnithe a dhéanamh go minic i gcomhar le IPB, a bhainistíonn éilimh thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh. | An líon éileamh nua ar tugadh fógra fúthu gach ráithe.<br>An líon éileamh a socraíodh gach ráithe.<br>An líon éileamh a socraíodh gach ráithe gan aon chostas.<br>Luach iomlán na n-éileamh a íocadh. | Bliain Airgeadais 2018. |
| | Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha áineasa, oidhreachta agus sóisialta. | Tacaíocht agus comhairle airgeadais a thabhairt. | Ráitis airgeadais/spriocanna oibríochtúla.<br>Tuarascálacha Bliantúla | Inmharthanacht leantach na n-eagraíochtaí. |

# Dóiteán agus Cosaint Shibhialta

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus obair le chéile ar mhaithe le Cill Chainnigh a dhéanamh níos sábháilte.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Dóiteán – Rannpháirtíocht agus Oideachas. | Feachtas cuimsitheach oideachais agus feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud an chontae, lena n-áirítear cuairteanna ar scoileanna, taispeántais agus imeachtaí forbartha gairmiúla. | Plean Sábháilteachta Dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh 2016-2020 a chur chun feidhme. | Spriocanna na Rannóige Seirbhíse Dóiteáin. | An líon clár a cuireadh chun feidhme agus ar tugadh cuntas orthu.<br><br>Cuairt a bheith tugtha ar 86% de bhunscoileanna. |
| Dóiteán – Innealtóireacht agus Forfheidhmiú | Gach ceanglas Rialála Dóiteáin a chur chun feidhme faoin reachtaíocht Dóiteáin, Rialaithe Foirgníochta agus Comhshaoil, de réir mar is cuí. | Plean Sábháilteachta Dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh 2016-2020 a chur chun feidhme.<br><br>Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán.<br><br>Ceanglais Cheadúnúcháin um Dheochanna Meisciúla.<br><br>Foirgnimh a athbhreithniú faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin. | Feidhmíocht a mheasúnú in aghaidh na dTáscairí Feidhmíochta Náisiúnta don Earnáil Rialtais Áitiúil. | Táscairí Feidhmíochta: P5: Iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán, i.e. tógadh 0.69 seachtain chun déileáil leis na hiarratais ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain 2018.<br>Rinneadh 80 cigireacht um shábháilteacht ó dhóiteán ar áitribh sa bhliain 2018.<br>I gcás na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain 2018, rinneadh cinneadh ar 91.53% díobh laistigh de 2 mhí ó iad a fháil. |
| Dóiteán – Pleanáil Éigeandála | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Móréigeandála, | Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh 2015-2020 (alt 26) a chur chun feidhme. | Spriocanna na Rannóige Seirbhíse Dóiteáin. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | ar an bPlean Freagartha d'Éigeandálaí Tuile agus ar an bPlean Adhaimsire (gan tuile a áireamh), agus ullmhú dá gcur chun feidhme. | Obair i gcomhar le gach gníomhaireacht chuí eile faoi Rialacháin Seveso maidir le móréigeandálaí.<br><br>Pleananna Réamhtheagmhais a fhorbairt. | | |
| Dóiteán – Freagairt Éigeandála | Freagairt ar bhealach sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach d'éigeandálaí dóiteáin agus d'éigeandálaí eile 24 huaire sa lá, 365 lá sa bhliain.<br><br>Ráitis Sábháilteachta a athbhreithniú. | Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh 2015-2020 (alt 26) a chur chun feidhme.<br><br>Cláir oiliúna ardchaighdeáin: Tuile; an Chéad Fhreagróir, etc.<br><br>Saoráidí nua a sholáthar i gCathair Chill Chainnigh agus in Áth na nUrlainn.<br><br>Saoráidí agus trealamh atá ann cheana a uasghrádú ar aon dul leis an bPlean atá i bhfeidhm faoi Alt 26.<br><br>Córais faisnéise/córais teicneolaíochta faisnéise a fhorbairt do gach stáisiún, agus flíteanna a chomhtháthú | Feidhmíocht a mheasúnú in aghaidh na dTáscairí Feidhmíochta Náisiúnta don Earnáil Rialtais Áitiúil. | Táscairí Feidhmíochta:<br><br>F1: Ba é €58.52 costas per capita na seirbhíse dóiteáin sa bhliain 2018.<br><br>F2: Ba é 6.28 nóiméad an meán-am a tógadh chun an bhriogáid dóiteáin a shlógadh i leith dóiteáin sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 6.06 nóiméad an meán-am a tógadh chun an bhriogáid dóiteáin a shlógadh i leith éigeandálaí nárbh éigeandálaí dóiteáin iad sa bhliain 2018.<br><br>F3: Ba é 26.94% an céatadán de chásanna dóiteáin inar bhain an chéad seirbhís an láthair amach laistigh de 10 nóiméad sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 56.62% an céatadán de chásanna dóiteáin inar |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | Plean Bainistíochta Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh a chur chun feidhme. | | bhain an chéad seirbhís an láthair amach laistigh de thréimhse idir 10 nóiméad agus 20 nóiméad sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 16.44% an céatadán de chásanna dóiteáin inar bhain an chéad seirbhís an láthair amach tar éis 20 nóiméad sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 30.45% an céatadán de gach teagmhas éigeandála eile inar bhain an chéad seirbhís an láthair amach laistigh de 10 nóiméad sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 57.09% an céatadán de gach teagmhas éigeandála eile inar bhain an chéad seirbhís an láthair amach laistigh de thréimhse idir 10 nóiméad agus 20 nóiméad sa bhliain 2018.<br><br>Ba é 12.46% an céatadán de gach teagmhas éigeandála eile inar bhain an chéad seirbhís an láthair amach tar éis 20 nóiméad sa bhliain 2018. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Cosaint Shibhialta | Freagairt phras chuí a thabhairt do na príomhghníomhaireachtaí freagartha i gcás Móréigeandála.<br><br>Seirbhís tacaíochta a sholáthar do na príomhghníomhaireachtaí freagartha i gceithre réimse thábhachtacha:<br>• Cuardach talún agus abhann<br>• Cumhdach leighis<br>• Freagairt tuile<br>• Freagairt adhaimsire. | Bainistiú a dhéanamh ar an bhfreagairt d'iarrataí. Na rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú de réir an Phlean Bainistíochta Móréigeandála Áitiúil.<br><br>An Beartas Náisiúnta agus an ráiteas sláinte agus sábháilteachta áitiúil. | An t-am slógtha agus freagartha do ghlaonna amach.<br><br>An líon oibrithe deonacha freagartha. | An líon oibrithe deonacha.<br><br>An líon uaireanta oiliúna a cuireadh isteach.<br><br>An líon cúrsaí oiliúna a críochnaíodh. |
| Cosaint Shibhialta | Cumhdach imeachta a thabhairt don phobal sna réimsí seo a leanas:<br><br>• Cumhdach leighis.<br>• Cumhdach bád sábháilteachta. | Na rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú.<br><br>Treoirlínte sonracha le haghaidh oibríochtaí bádóireachta.<br><br>Treoirlínte agus Treoirlínte Cleachtais Chliniciúil ón gComhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil.<br><br>An Beartas Náisiúnta Cógas. | An líon imeachtaí ar freastalaíodh orthu.<br><br>An líon oibrithe deonacha oibríochtúla. | An líon oibrithe deonacha.<br><br>An líon imeachtaí ar freastalaíodh orthu. |

# Tithíocht

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

A chinntiú go mbaineann gach duine dár saoránaigh leas as caighdeán imleor cóiríochta tithíochta atá oiriúnach dá riachtanais agus, a mhéid is féidir, atá i láthair agus i dtionacht a roghnaíonn siad, agus seirbhís fhreagrúil thacúil tithíochta a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh uathu.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht Seirbhísí Tithíochta | Uasmhéadú a dhéanamh ar an bhfáil ar sheirbhísí tacaíochta cóiríochta agus tithíochta chun catagóirí difriúla riachtanas a chomhlíonadh. Laghdú a dhéanamh ar an líon daoine a bhaineann leas as cóiríocht éigeandála. | Measúnú ar Thithíocht Shóisialta. An Beartas Leithdháiltí. An Straitéis Míchumais. An Beartas um Thús Áite don Tithíocht. An Clár Athlonnaithe. An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. Seirbhís aimsitheora áite. Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean. | An líon seirbhísí tacaíochta a soláthraíodh. | Táscaire Feidhmíochta:<br><br>H6: An líon aosach atá gan dídean go fadtéarmach. |
| Tithíocht<br>Soláthar Tithíochta | Méadú a dhéanamh ar an bhfáil ar chóiríocht ar dhea-chaighdeán i gcomhar leis an Earnáil Phríobháideach agus leis an Earnáil Dheonach.<br><br>An líon aonad tithíochta folamh a laghdú. | An Clár Soláthar Caipitil. An Scéim Léasúcháin. An Clár Cúnaimh Tithíochta. An Scéim Cóiríochta Cíosa. An Clár Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach.<br><br>An Clár um Thithe Folmha a Bhainistiú. An tOifigeach um Thithe Folmha. | Spriocanna na Rannóige. | Táscaire Feidhmíochta:<br><br>H2: Folúntais Tithíochta.<br>H3: An Meán-Am a Tógadh chun Cóiríocht a Athligean ar Cíos agus na Meánchostais Dhíreacha.<br>H5: Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach. |
| Tithíocht Cothabháil | Clár pleanáilte cothabhála agus athchóirithe a chur chun feidhme i leith an stoic thithíochta atá ann cheana, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil. | An Clár Cothabhála Pleanáilte.<br>An Clár Iarfheistithe. | Caiteachas ar Chothabháil Phleanáilte. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | Seirbhísí cothabhála tithíochta ar dhea-chaighdeán a sholáthar. | An loga cothabhála tithíochta a bhainistiú. | An líon iarrataí cothabhála a fuarthas agus a próiseáladh. | Táscaire Feidhmíochta: H1: An Stoc Tithíochta Sóisialta. H4: Costais Dhíreacha Chothabhála Tithíochta. |
| Tithíocht Bainistíocht Tionóntachtaí | Dea-bhainistíocht eastát agus dea-rannpháirtíocht tionóntaí ina bpobal a chothú. | An Lámhleabhar do Thionóntaí.<br>Tacaíocht Bainistíochta Eastát do Chónaitheoirí.<br>An Clár Tacaíochta um Idirchaidreamh le Tionóntaí.<br>Iompraíocht fhrithshóisialta a bhainistiú. | An líon grúpaí cónaitheoirí gníomhacha ar tacaíodh leo. | |
| Tithíocht Scéimeanna Deontais | Iasachtaí agus dreasachtaí a thabhairt do dhaoine a n-áirithíonn tithíocht dóibh féin.<br><br>Scéimeanna deontais a sholáthar chun daoine a chumasú fanacht ina dteach féin. | Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann.<br><br>An Scéim Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. An Scéim Deontais um Áiseanna Soghluaisteachta. An Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas. | An líon iarrataí ar iasacht a próiseáladh.<br><br>An líon iarratas a fuarthas agus a próiseáladh. | |
| Tithíocht Úinéireacht Tí | An Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí agus Scéimeanna eile Úinéireachta Tí a chur chun feidhme. | | | |

# Acmhainní Daonna

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

A chinntiú go bhfuil fórsa saothair a bhfuil acmhainní cuí aige agus atá oilte agus inspreagtha go cuí ann chun tosaíochtaí agus cuspóirí na hEagraíochta a chomhlíonadh agus chun sábháilteacht, sláinte agus folláine ár mball foirne uile a chinntiú a mhéid is indéanta le réasún. Sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú chun díobhálacha agus tinnis cheirde a chosc i measc fostaithe agus ina measc sin a ndéanann gníomhaíochtaí na Comhairle difear dóibh.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna | Na struchtúir chuí agus an fórsa saothair cuí a sholáthar, a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, chun seirbhísí tráthúla ardchaighdeáin a sholáthar do mhuintir an Chontae ar fud an raoin iomláin seirbhísí. | Baill foirne a earcú ar bhealach tráthúil, ar aon dul leis an bplean ceadaithe fórsa saothair agus leis na buiséid atá ar fáil.<br><br>Freastal a bhainistiú ar aon dul le beartais Chomhairle Contae Chill Chainnigh. | An líon iomlán coibhéisí lánaimseartha<br><br>An líon Laethanta Oibre a cailleadh de bharr tinnis | Táscairí Feidhmíochta:<br><br>C1: An líon ball foirne, bunaithe ar Choibhéisí Lánaimseartha.<br><br>C2: An líon Laethanta Oibre a cailleadh de bharr Tinnis. |
| | Forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar an gcumas atá ag baill foirne cuspóirí eagraíochta a bhaint amach agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don saoránach. | A chinntiú go dtacaítear le baill foirne trí straitéisí cuí ceannaireachta, inspreagtha, breithmheasa agus cumhachtaithe.<br><br>Na riachtanais oiliúna atá ag baill foirne a mheasúnú agus Clár Oiliúna agus Forbartha a chur chun feidhme. | Soláthar a dhéanamh i mbuiséid bhliantúla do bhaill foirne a fhorbairt agus a oiliúint ar bhonn leanúnach, agus tús áite á thabhairt do chomhlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais riachtanacha Sláinte agus Sábháilteachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus ar na riachtanais sin a shainaithnítear tríd an gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta Foirne. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | Fórsa saothair Chomhairle Contae Chill Chainnigh a fhorbairt de réir Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil. | Creat struchtúrtha a fhorbairt chun tacú le pleanáil chomharbais.<br><br>Cur leis an gcumas agus an inniúlacht atá ag an lucht bainistíochta líne chun fostaithe a bhainistiú go héifeachtach.<br><br>Timpeallacht shláintiúil oibre a chruthú trí luath-rannpháirtíocht agus dea-chumarsáid a chur chun cinn. | | |
| Sláinte agus Sábháilteacht | Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme trí thiomantas an lucht bainistíochta, trí rannpháirtíocht fostaithe agus trí éiteas buanfheabhsúcháin ar mhaithe le cultúr a chothú ina dtacaítear le sláinte, sábháilteacht agus folláine gach duine a oibríonn do Chomhairle Contae Chill Chainnigh nó a théann i dteagmháil léi. | Sláinte, sábháilteacht agus folláine a chomhtháthú isteach sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>• Fóraim Chomhairleacha um Shláinte agus Sábháilteacht, e.g. an Coiste um Bainistíocht Sábháilteachta, an Comhchoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Coistí Rannóige um Shláinte agus Sábháilteacht.<br>• Ráitis Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca.<br>• Cláir um Rianú Rialaithe Guaiseacha do gach Rannóg.<br>• Cláir Ionduchtúcháin/Feasachta Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• An Straitéis Folláine. | An Líon Cruinnithe.<br><br>An Líon Ráiteas Sábháilteachta.<br><br>An líon beart ceartaitheach/coisctheach a dúnadh i gcomparáid leis an líon a bhí ar oscailt.<br><br>An líon daoine a oileadh i ngach Rannóg.<br><br>An líon cúrsaí oiliúna/an líon daoine a oileadh. | |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | An luach a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus folláine ball foirne a leabú isteach i ngach próiseas cinnteoireachta. Folláine fhisiciúil agus mheabhrach ball foirne a chosaint. | • An Clár Cur Chun Cinn, e.g. lá na folláine, seachtain na sábháilteachta.<br>• An Clár Cigireachtaí Sábháilteachta.<br>• Bainistíocht Teagmhas. | An líon Cigireachtaí a rinneadh.<br><br>An líon Teagmhas. | |

# Teicneolaíocht Faisnéise, Soláthar agus Leathanbhanda

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Bonneagar nua-aimseartha slán TFC a sholáthar, rud lena gcomhlíontar na dea-chaighdeáin agus na dea-chleachtais chun Baill Foirne agus Comhaltaí Tofa a chumasú seirbhísí atá nua-aimseartha, éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar.

An obair a dhéantar chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus a sholáthar ar bhealach níos cost-éifeachtúla a chur ar aghaidh tuilleadh agus beartas um sholáthar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a shaothrú ar fud na hEagraíochta.

Comhoibriú le tionscnaimh Rialtais chun uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an Chontae.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Soláthar | An obair a dhéantar chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus a sholáthar ar bhealach níos cost-éifeachtúla a chur ar aghaidh tuilleadh.<br><br>Beartas um sholáthar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a shaothrú ar fud na Comhairle. | Leanúint le coigiltí a lorg trí earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhonn áitiúil agus trí chineálacha comhoibríocha cur chuige a ghlacadh i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais araon.<br><br>Sonraíochtaí maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú a chur ar áireamh i gconarthaí agus i ndoiciméid tacaíochta. | Creataí Náisiúnta – An líon creataí a úsáideadh.<br><br>Oiliúint – An líon daoine a oileadh i Soláthar Poiblí Glas.<br><br>An líon tairiscintí a raibh ceanglais ghlasa nó ceanglais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ag baint leo. | |
| Teicneolaíocht Faisnéise | Córais faisnéise ábhartha a sholáthar ar bhealach tráthúil a thacaíonn le soláthar seirbhíse éifeachtach agus le cinnteoireacht eolach i measc comhaltaí, bainisteoirí agus baill foirne.<br><br>Leathnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun tacú le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a chur chun feidhme | Na córais ábhartha a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta.<br><br>Leanúint le córais slándála chuí a úsáid.<br><br>Teicneolaíochtaí cuí a sholáthar d'úsáideoirí.<br><br>Uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht mhóibíleach chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach d'oibrithe móibíleacha agus d'oibrithe allamuigh. | | Táscairí Feidhmíochta:<br><br>C4: An costas foriomlán ar an soláthar TFC in aghaidh na coibhéise lánaimseartha.<br><br>C5: An costas foriomlán ar TFC mar chéatadán de chaiteachas ioncaim. |
| Leathanbhanda | Comhoibriú le tionscnaimh Rialtais chun uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an chontae. | Leanúint le tacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh trí Oifigeach Leathanbhanda a sholáthar | | |

# Leabharlann

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Leanúint le bheith ina hacmhainn thábhachtach i bpobail áitiúla, agus raon leathan seirbhísí á soláthar chun freastal ar na riachtanais éagsúla atá ann ó thaobh faisnéise, foghlama, litearthachta, scileanna fostaíochta, gnó agus fóillíochta de.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| An tSeirbhís Leabharlainne | Uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag an tseirbhís leabharlainne foghlaim ar feadh an tsaoil, soláthar faisnéise, forbairt litearthachta, rannpháirtíocht an phobail, dea-shláinte agus folláine, féiniúlacht chultúrtha, cruthaitheacht agus tacaí do chuardaitheoirí poist a éascú trí chur chun feidhme a dhéanamh ar Ár Leabharlanna Poiblí 2022 agus ar Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022. | Ár Leabharlanna Poiblí 2022.<br><br>Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022.<br><br>Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí. | An plean bliantúil soláthar seirbhíse, agus cuspóirí agus spriocanna an phlean, a bheith curtha chun feidhme.<br><br>Tuarascáil Bhliantúil.<br>Tuarascálacha Míosúla ón bPríomhfheidhmeannach. | Táscairí Feidhmíochta.<br><br>L1: An Líon Cuairteanna ar Leabharlanna agus an Líon Eisiúintí.<br><br>L2: An costas per capita ar sheirbhís leabharlainne a oibriú.<br><br>Eile<br>• An Ciste Stoic Leabhar per capita.<br>• An líon míreanna a fuarthas ar iasacht per capita gach bliain.<br>• An líon ball cláraithe.<br>• An úsáid a baineadh as seirbhísí ar líne.<br>• An úsáid a baineadh as an suíomh Gréasáin.<br>• An úsáid a baineadh as ardáin mheán sóisialta.<br>• An úsáid a baineadh as Mo Leabharlann Oscailte. |
| | Acmhainní digiteacha feabhsaithe a fhorbairt trí chur chuige dinimiciúil a ghlacadh i leith athruithe i réimsí an eolais, na rochtana ar fhaisnéis agus na teicneolaíochta. | Ár Leabharlanna Poiblí 2022.<br><br>Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022.<br><br>Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí. | Teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a úsáid chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus saoránaigh a éascú agus a spreagadh seirbhísí leabharlainne agus údaráis áitiúil a rochtain. | • An úsáid a baineadh as seirbhísí ar líne<br>• An líon seisiún ar an Idirlíon poiblí (ríomhairí poiblí agus Wi-Fi)<br>• An úsáid a baineadh as na meáin shóisialta<br>• An úsáid a baineadh as an suíomh Gréasáin |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | An bonneagar leabharlainne atá ann cheana agus an bonneagar leabharlainne féideartha nua a shainaithint agus acmhainní a sholáthar dóibh | Ár Leabharlanna Poiblí 2022.<br><br>Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022.<br><br>Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí. | Tabhairt faoi chlár athnuachana bonneagair chun spásanna leabharlainne atá sábháilte, dinimiciúil agus solúbtha a sholáthar.<br>Gach reachtaíocht ábhartha sláinte agus sábháilteachta agus inrochtaineachta a chomhlíonadh. | Ceanglais agus caighdeáin a chomhlíonadh faoin reachtaíocht ábhartha. |
| | Spásanna leabharlainne a fhorbairt mar lárionaid phobail, chultúir agus chruthaitheachta agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann cláir chultúir a ghiaráil agus a chur chun cinn sa chontae. | Ár Leabharlanna Poiblí 2022.<br><br>Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022.<br><br>Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí.<br><br>Comhairle Contae Chill Chainnigh – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022. | Comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt chun an leabharlann a chur chun cinn mar spás inrochtana cultúir agus pobail.<br><br>Leanúint le ról tábhachtach a imirt maidir le faisnéis faoin stair agus faoin oidhreacht áitiúil a bhailiú agus a scaipeadh tríd an tseirbhís Staidéir Áitiúil.<br><br>A chinntiú go gcuirtear gníomhartha agus cuspóirí leabharlainne chun feidhme mar atá sainaitheanta i mbeartais éagsúla, lena n-áirítear Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Chainnigh | An líon cuairteanna ar an leabharlann in aghaidh an mhíle duine den daonra.<br>An úsáid a baineadh as ardáin mheán sóisialta. An líon ball cláraithe. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016-2021 agus Straitéis Chill Chainnigh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2017-2022. | |

# Pleanáil

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Forbairt chothromaithe inbhuanaithe a bhaint amach, agus timpeallacht nádúrtha agus timpeallacht thógtha an Chontae á gcosaint ag an am céanna chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

Feabhas ar an mbonneagar fisiciúil agus socheacnamaíoch Feabhas ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí an Chontae

Bonn eacnamaíoch fónta ar ar féidir fostaíocht inbhuanaithe áitiúil a bhaint amach i láithreacha tuaithe agus i láithreacha uirbeacha araon ar fud an Chontae.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Pleanáil | Pleanáil éifeachtach chuí agus forbairt chothromaithe inbhuanaithe a chinntiú. | Plean Forbartha Cathrach agus Contae a ullmhú de réir forálacha reachtúla agus ar aon dul leis na beartais réigiúnacha agus náisiúnta lena ghlacadh ag na comhaltaí tofa. | An Plean a bheith glactha ag na comhaltaí tofa.<br>Ceanglais reachtacha (Athbhreithniú Breithiúnach) a chomhlíonadh.<br>An líon ordachán ar dhréachtaigh Oifig an Rialálaí Pleanála iad. | N/B sa bhliain 2018<br>100%<br>Níl aon bhonnlíne ann go fóill toisc gur comhlacht nuabhunaithe í Oifig an Rialálaí Pleanála |
| | | Pleananna ábhartha Limistéir Áitiúil a ullmhú lena nglacadh ag na comhaltaí tofa. | Pleananna a bheith glactha ag na comhaltaí tofa.<br>An líon Pleananna Limistéir Áitiúil a glacadh. | 100%<br>Ceann amháin sa bhliain 2018 (*Plean Limistéir Áitiúil Chaisleán an Chomair*) |
| | | Ullmhú do threoirdhoiciméid bheartais chuí agus do chreatphleananna cuí a ghlacadh do láithreáin athghiniúna ábhartha, amhail Ceathrú na Mainistreach, Faiche an Aonaigh agus Ospidéal Chainnigh. | Dréachtbheartais agus dréacht-chreatphleananna a bheith glactha ag na comhaltaí tofa.<br>An líon doiciméad beartais phleanála a glacadh. | 100%<br>Ceann amháin sa bhliain 2018 (*Cód Deartha Uirbigh Cheathrú na Mainistreach*) |
| | | Seirbhís forfheidhmithe pleanála atá éifeachtach a sholáthar. | An líon cásanna forfheidhmithe pleanála a dúnadh mar chásanna réitithe | 73 (2018) |
| | | Seirbhís reachtúil forfheidhmithe pleanála atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán a sholáthar, rud a chuimsíonn comhairliúcháin réamhphleanála agus measúnú ar iarratais phleanála atá ag teacht le forálacha | An líon iarratas ar déileáladh leo<br>Ceanglais reachtúla (Athbhreithniú Breithiúnach) a chomhlíonadh.<br>An céatadán d'iarratais ar ina leith a | 868 gcinn sa bhliain 2018<br>100%<br>75% (2018) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | an Phlean Forbartha Cathrach agus Contae agus na bPleananna Limistéir Áitiúil a glacadh agus leis an Treoir Beartais ón Aire. | dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh.<br>Costas per capita na Seirbhíse Pleanála | €25.77 (2018) |
| | | Limistéir uirbeacha a athghiniúint agus folúntas agus dearóiliú a chomhrac trí Chláir Láithreán Folamh agus Tréigthe a chothabháil.<br>Leas a bhaint as an gClár Cistiúcháin um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun athúsáid áitreabh folamh a spreagadh agus chun láithreáin dhearóile a athghiniúint. | An líon láithreán a ndearnadh láithreáin neamhdhearóile díobh tríd an reachtaíocht um Láithreáin Thréigthe a chur i bhfeidhm.<br>An líon láithreán a cealaíodh ón gClár Láithreán Folamh de bharr gníomhachtú láithreáin. | 4 cinn sa bhliain 2018<br><br>Cealaíodh 7 láithreán sa bhliain 2018 |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Ranníocaí Forbartha. | Scéim nua Ranníocaí Forbartha a bheith glactha. | Bhí an Scéim atá ann cheana le hathbhreithniú sa bhliain 2018. |
| | Feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí, agus an inrochtaineacht agus an trédhearcacht is mó is féidir á gcinntiú. | Beartas náisiúnta a chur chun feidhme maidir le seirbhís Ríomhphleanála a sholáthar. | Suirbhé a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí | N/B |

# Bóithre

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Pleanáil a dhéanamh le haghaidh riachtanais iompair na ndaoine a chónaíonn i gContae Chill Chainnigh, a thugann cuairt ar an gcontae agus a thaistealaíonn tríd an gcontae, agus na riachtanais iompair sin a éascú, tríd an mbonneagar a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear iompar poiblí a sholáthar don Chathair agus don Chontae.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | An Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Fheabhsú agus a Athchóiriú, lena n-áirítear scéimeanna sábháilteachta, ar aon dul le Treoirlínte ón Roinn Iompair. | Suirbhéanna Bliantúla ar Riocht na gCosán. | Rátálacha bóthair a sholáthraítear gach bliain. | Déantar na hoibreacha uile a léarscáiliú agus a lódáil chuig an gcóras bainistíochta tionscadail. Cruinnithe ráithiúla leis an Oifig Bainistíochta Bóithre agus tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn. |
| | An Gréasán Bóithre Náisiúnta a Fheabhsú agus a Athchóiriú, i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann. | Suirbhéanna bliantúla ar riocht na gcosán. Iniúchtaí ar shábháilteacht ar bhóithre agus anailís ar shonraí tráchta. | Rátálacha bóthair a sholáthraítear gach bliain. | Cruinnithe míosúla/ráithiúla le Bonneagar Iompair Éireann maidir leis an dul chun cinn ar scéimeanna. |
| | Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide a chinntiú. | Tuarascáil an staidéir mheasúnaithe agus bhainistíochta riosca i gcás tuilte dobharcheantair agus sonraí áitiúla a chomhghaolú ó theagmhais drochaimsire a thit amach le déanaí. | Plean deich mbliana chun scéimeanna faoisimh ó thuile a sholáthar do shé láthair. | Athbhreithniú míosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le scéimeanna, agus déantar sonraí bliantúla a léarscáiliú le haghaidh scéimeanna neamhnáisiúnta draenála. |
| | Soilsiú poiblí a uasghrádú/a fheabhsú. | Leanúint le páirt a ghlacadh i Scéimeanna um Pobail Fuinnimh Níos Fearr de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus sa Tionscadal Náisiúnta um Shoilse LED a Athsholáthar. | An céatadán de shoilse a uasghrádaíodh. | Uasghrádaíodh 4,800 solas go dtí seo. Na spriocanna bliantúla a bhaint amach. |
| | Rothaíocht a spreagadh mar mhodh iompair agus mar ghníomhaíocht fóillíochta. | Rotharbhealaí agus saoráidí rothaíochta eile a sholáthar/a fheabhsú.<br>Oifigeach Rothaíochta a fhostú. | Breiseanna leis na rotharbhealaí agus na saoráidí rothaíochta atá ann cheana. Oideachas agus comhairle do ghnóthais agus do shaoránaigh. | Breiseanna a léarscáiliú. Teagmhálacha le gnóthais a thaifeadadh. |

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
|---|---|---|---|---|
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre. | Seirbhís Bus Cathrach. | Bonneagar a sholáthar agus an tseirbhís a chur chun cinn. | Úsáid ó bhliain go bliain. | An tseirbhís nua a bheith tosaithe faoi ráithe 1 den bhliain 2020. |

# Seirbhísí Uisce

## Cuspóirí an Réimse Seirbhíse

Obair i gcomhpháirt le hUisce Éireann chun cur chun feidhme a dhéanamh ar fhorálacha an Chomhaontaithe Seirbhíse a comhaontaíodh idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Uisce Éireann le haghaidh soláthar uisce phoiblí agus fuíolluisce.

Seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar ardchaighdeán a bhaint amach do mhuintir cheantar tuaithe Chontae Chill Chainnigh tríd an gcistiú atá ar fáil le haghaidh na hEarnála Uisce Tuaithe sa Chontae a uasmhéadú agus a leithdháileadh go héifeachtach.

| Réimse Feidhme | Spriocanna Feidhmíochta | Cláir Thacaíochta | Modh an Tomhais | Bonnlíne Oibriúcháin |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Seirbhísí Uisce | Uisce óil inólta a sholáthar laistigh de na treoirlínte Eorpacha maidir le huisce óil.<br><br>Saoráidí fuíolluisce a oibriú de réir threoirlínte agus spriocanna na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. | Comhaontú Seirbhíse idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Uisce Éireann. | Plean seirbhíse bliantúil comhaontaithe lena ngabhann príomhtháscairí feidhmíochta. | Tuarascálacha míosúla chun an dul chun cinn a mheasúnú. Cruinnithe ráithiúla Chiseal 2 agus Chiseal 3 chun na príomhtháscairí feidhmíochta a athbhreithniú. |
| | Soláthar an bhonneagair chaipitil a chinntiú le haghaidh fhorbairt an Chontae. | Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann chun go bhfreastalófar ar na riachtanais forbartha sa todhchaí. | Tionscadail Chill Chainnigh a bheith curtha ar áireamh i gClár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann. | An Bonneagar Reatha. |
| | Cabhrú leis an earnáil grúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna fuíolluisce i gContae Chill Chainnigh cloí le treoirlínte náisiúnta agus cabhrú le hiarratais a dhéanamh ar chistiú náisiúnta. | Plean trí bliana le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce a fheabhsú agus a uasghrádú 2019-2021.<br>Arna chistiú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. | Tuairisc a thabhairt gach ráithe do Choiste Uisce Tuaithe Chill Chainnigh agus tuairisc a thabhairt gach bliain don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. | Torthaí uisce óil shamplaigh a athbhreithniú agus gníomhartha a dhéanamh de réir mar is gá/nuair is gá.<br><br>Faireachán míosúil ar an bplean trí bliana.<br><br>Táscaire feidhmíochta:<br>W1: An % den uisce óil i scéimeanna príobháideacha a chomhlíonann ceanglais reachtúla. |





